AG TOSÚ AMACH 2.0

Creat Náisiúnta um Oiliúint Ionduchtaithe d'Oibrithe Deonacha atá Páirteach i gCleachtas Oibre don Óige



NYCI National Youth Council of Ireland

Foilsithe den chéad uair ag: © Comhairle Náisiúnta na nÓg in 2024. Gach ceart ar cosaint.
Uimhir Charthanais Chláraithe: CHY 6823
Uimhir Chuideachta: 58814
Comhlíonann CNÓ Cód Rialachais an Rialálaí Carthanas in Éirinn.

Brollach

Thar ceann Chomhairle Náisiúnta na nÓg, ba mhaith liom a rá go bhfuil an-áthas orainn le foilsiú nuashonraithe na hacmhainne oiliúna den scoth **'Ag Tosú Amach 2.0 – Creat Náisiúnta um Oiliúint Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oibrithe Deonacha atá Páirteach i gCleachtas Oibre don Óige'**. Foilsíodh an chéad leabhar, Ag Tosú Amach, in 2010, agus tá athrú mór tagtha ar an domhan ó shin. Mar sin féin, is iad oibrithe deonacha a dhéanann an obair óige in Éirinn den chuid is mó fós agus tá dlúthbhaint ag a hinbhuanaitheacht le hearcú agus coinneáil oibrithe deonacha lena chinntiú go leanfar le seirbhísí a sholáthar.

Bíonn formhór na ndaoine in earnáil na hoibre don ógra páirteach trí obair dheonach, bíodh sé sin le seirbhís óige inar ghlac siad páirt mar dhuine óg, nó teacht isteach san obair óige níos déanaí sa saol, ina bpobal áitiúil, chun scileanna a fháil nó spraoi a bheith acu. Agus suas le 40,000 oibrí deonach páirteach go rialta in obair óige a chur ar fáil in Éirinn, is iadsan atá ag coinneáil ár n-earnála ag imeacht.

Aithníonn eagraíochtaí Oibre Óige an tionchar suntasach atá ag ceannairí óige ar shaol daoine óga agus tuigeann siad an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go gcuirfear croí-oiliúint réamhráiteach ar ardchaighdeán ar gach ceannaire óige deonach nua.

Leis an acmhainn seo, aithnítear luach an oibrí dheonaigh agus cinntítear go dtuigeann gach oibrí deonach nua dea-chleachtas na hoibre óige agus gur féidir leo é a chur chun feidhme. A bhuí le maoiniú ón Aonad Gnóthaí Óige sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), bhíothas ábalta nuashonrú a dhéanamh ar an acmhainn thábhachtach sin, ina leagtar amach clár croí-oiliúna coiteann d'oibrithe deonacha agus an próiseas a úsáideadh chun é a fhorbairt. D'oibrigh CNÓ i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí oibre óige, baill foirne oibre óige agus oibrithe deonacha agus fuarthas luach a shaothair leis an gcur chuige comhoibríoch sin arís maidir le táirge ardchaighdeáin a tháirgeadh agus leibhéal an-ard 'ceannach isteach' a fháil ó eagraíochtaí oibre óige. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hoibrithe deonacha, na baill foirne agus na hionadaithe eagraíochtúla go léir a bhí páirteach i bhforbairt an chláir.

Ar deireadh, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Louise Monaghan agus Olive Ring, na Comhairleoirí Tionscadail agus leo siúd go léir a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin as a gcuid ama, saineolais agus tiomantais don athbhreithniú ar 'Ag Tosú Amach'. Is é toradh na n-iarrachtaí sin acmhainn ardchaighdeáin lena n-aithneofar na hinniúlachtaí is féidir le hoibrithe deonacha a thabhairt chuig an obair óige agus lena dtabharfar meas orthu, agus lena bhféachfar lena chinntiú ag an am céanna go bhfuil leibhéal íosta oiliúna ag gach ceannaire óige deonach chun na scileanna agus an mhuinín a thabhairt dóibh chun obair óige ardchaighdeáin a imríonn tionchar dearfach ar shaol daoine óga a sholáthar.



Stiúrthóir CNÓ

Nóta Buíochais

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige as nuashonrú an chreata sin a mhaoiniú.

Na heagraíochtaí oibre óige agus na daoine aonair a ghlac páirt sna comhairliúcháin agus a chabhraigh le bonn eolais a chur faoin acmhainn.

Iad siúd go léir a chuir ábhair agus acmhainní ar fáil chomh flaithiúil sin don chreat seo:

- An Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach, Ollscoil Mháigh Nuad
- Kate Cummins BeLonG To
- Zarah Doyle As I Am
- Claudio Nicosia Eco-Unesco
- Hannah Solley TENI
- Anne Walsh, Clár Comhionannais agus Idirchultúrtha, CNÓ
- Valerie Duffy, Clár Oibre Óige Domhanda, CNÓ
- Clár Náisiúnta Sláinte don Óige, Rachael Traenor, CNÓ

Iad siúd a thug aiseolas le linn an phróisis, agus buíochas ar leith ag dul do Kevin O' Driscoll agus Alison Fox, CNÓ agus Edel McGrath, Foróige as a léargas.

An aidhm leis an gCreat

Dearadh an creat oiliúna seo mar acmhainn d'eagraíochtaí oibre óige chun tacú le hionduchtú agus oiliúint a n-oibrithe deonacha. Sa chreat seo, soláthraítear ábhar molta do mhodúil/ghnéithe oiliúna d'oibrithe deonacha agus leagtar béim ar thorthaí foghlama seachas ar ábhar oiliúna caighdeánaithe nó forordaitheach. Mar gheall air sin, éascaítear solúbthacht sa dearadh agus i soláthar a gclár oiliúna d'oibrithe deonacha d'eagraíochtaí oibre óige a úsáideann an acmhainn seo. Tacaíonn an creat freisin le heagraíochtaí oibre óige chun aghaidh a thabhairt ar na croíphrionsabail sna Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta i nGrúpaí faoi stiúir Oibrithe Deonacha.

Cúlra

Ba é Fo-Choiste den Choiste Náisiúnta Comhairleach na hOibre don Ógra bhí ann ag an am a choimisiúnaigh an acmhainn oiliúna sin den chéad uair in 2009 chun tacú le forbairt cláir chaighdeánaithe, arna comhaontú go náisiúnta, chun oiliúint a chur ar oibrithe deonacha in earnáil na hoibre don ógra in Éirinn. D'fhoilsigh Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn Ag Tosú Amach in 2010.

I ndiaidh athrú suntasach ar an gcleachtas agus ar an mbeartas um obair óige, agus ar obair dheonach, sholáthair an Roinn Comhionannais Leanaí, Míchumais Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) maoiniú in 2024 chun athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar Ag Tosú Amach. Rinneadh comhairliúcháin le heagraíochtaí oibre óige agus le hoiliúnóirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar Ag Tosú Amach agus chun riachtanais oiliúna nua agus atá ag teacht chun cinn d'oibrithe deonacha a shainaithint.

Tá an acmhainn seo bunaithe ar na comhairliúcháin sin agus tá sé tacaithe tuilleadh le gnéithe breise nua atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ag Tosú Amach www.youth.ie/startingout.

Clár Ábhar

Gné	Ábhar	Leathanach Uimhir
Réamhrá	Tugtar eolas d'oiliúnóirí faoi Ag Tosú Amach	13
	• Cé dó a bhfuil an creat seo?	
	• Téarmaíocht	
	• Conas an acmhainn seo a úsáid	
	• Cuspóir na hoiliúna ionduchtaithe d'oibrithe deonacha atá páirteach in obair óige	
	• Tábla: Achoimre ar na príomhghnéithe le torthaí foghlama agus naisc chuig NQSVYG	16
	• Comhthéacs náisiúnta	19
Gné a hAon Cé muid?	Cuireann sé oibrithe deonacha in aithne don eagraíocht óige ina bhfuil siad ag obair go deonach	23
	• Fís, Misean, Luachanna, Ráiteas Cuspóra	
	• Bileog Eolais 1.1: Sainmhínithe ar Fhís, Misean, Luachanna, & Ráiteas Cuspóra	25
	• Cleachtadh 1A: Fís, Misean, Luachanna, & Ráiteas Cuspóra	27
Gné a Dó Cad a dhéanaimid agus cá ndéanaimid é?	Cuirtear eolas faoi obair dheonach d'oibrithe deonacha	29
	• Bileog Eolais 2.1 Ról an oibrí dheonaigh	32
	• Bileog Eolais 2.2 Roghanna maidir le hObair Dheonach	33
	• Bileog Eolais 2.3: Cur Síos ar Róil na nOibrithe Deonacha	35
	• Bileog Eolais 2.4: Cearta na nOibrithe Deonacha	36
	• Bileog Eolais 2.5: Freagrachtaí na nOibrithe Deonacha	37
	• Cleachtadh 2A: Ag cur aithne ar ár n-eagraíocht	38
	• Cleachtadh 2B: Ról an Oibrí Dheonaigh	40

Gné	Ábhar	Leathanach Uimhir
Gné a Trí Cén fáth a ndéanaimid é?	Tugtar eolas d'oibrithe deonacha faoi chuspóir na hoibre óige	42
	• Bileog Eolais 3.1: Sainmhíniú ar Obair Dheonach agus Prionsabail na hOibre Óige	44
	• Bileog Eolais 3.2: Samplaí de chuid de na gníomhaíochtaí agus na cláir oibre óige is coitianta	46
	• Bileog Eolais 3.3: Na buntáistí a bhaineann le hobair óige	47
	• Cleachtadh 3A: Cuspóir na hoibre óige	49
	• Cleachtadh 3B: Ról an oibrí dheonaigh in obair dheonach	51
	• Cleachtadh 3C: Torthaí ó Obair Óige	53
Gné a Ceathair Cé dó a bhfuil sé agus cé leis a ndéantar é?	Tugtar eolas d'oibrithe deonacha maidir le daoine óga a thuiscint agus caidreamh a chothú leo	59
	• Bileog Eolais 4.1: An ógántacht agus aois daoine óga fásta mar chéimeanna tábhachtacha saoil.	61
	• Bileog Eolais 4.2: Céimeanna i bhForbairt Ógánach	64
	• Bileog Eolais 4.3: Forbairt inchinne luathdhéagóirí agus déagóirí: Na bunrudaí.	66
	• Bileog Eolais 4.4: Ról an Oibrí Dheonaigh i gcaidreamh a chothú le daoine óga	70
	• Bileog Eolais 4.5: Teorainneacha sa Chaidreamh le Daoine Óga	71
	• Bileog Eolais 4.6: Caidreamh a Chothú le Tuismitheoirí/ Caomhnóirí	72
	• Cleachtadh 4A: Caidreamh dearfach iontaofa a chothú le daoine óga	74
	• Cleachtadh 4B: Iniúchadh a Dhéanamh ar Inchinn Ógánach	76
	• Cleachtadh 4C: Teorainneacha sa chaidreamh le daoine óga	79
	• Cleachtadh 4D: Caidreamh a chothú le Tuismitheoirí/ Caomhnóirí	81

Gné	Ábhar	Leathanach Uimhir
Gné a Cúig Cén dóigh a ndéanaimid é?	Tugtar eolas d'oibrithe deonacha faoi bheith ag obair le daoine óga	83
	• Bileog Eolais 5.1: Rannpháirtíocht na nÓg	85
	• Bileog Eolais 5.2: Cad a bhaineann agus nach mbaineann le Rannpháirtíocht	87
	• Bileog Eolais 5.3: Cáilíochtaí i gCeannaireacht	89
	• Bileog eolais 5.4 Stíleanna Ceannaireachta	90
	• Bileog Eolais 5.5: Pleanáil Cláir	91
	• Bileog Eolais 5.6: Roinnt samplaí de chláir	94
	• Bileog Eolais 5.7: Leideanna d'Obair Ghrúpa	95
	• Bileog Eolais 5.8: Treoir maidir le Measúnú Riosca Sláinte agus Sábháilteachta a Dhéanamh	100
	• Bileog Eolais 5.9: Cumarsáid agus Obair Foirne	103
	• Bileog Eolais 5.10: Saintréithe Foirne Éifeachtaí	104
	• Bileog Eolais 5.11: Conradh Grúpa a Fhorbairt	105
	• Bileog Eolais 5.12: Iompraíocht Dhúshlánach a Thuiscint agus Aghaidh a Thabhairt Uirthi	107
	• Bileog Eolais 5.13: Bulaíocht	110
	• Bileog Eolais 5.14: Cleachtas Athchóiritheach	114
	• Cleachtadh 5A: Iniúchadh a dhéanamh ar choincheap Rannpháirtíocht na nÓg i ndáil le pleanáil clár	116
	• Cleachtadh 5B: Rannpháirtíocht na nÓg faoi Lán Seoil – Seicliosta do Spásanna Coitianta	118
	• Cleachtadh 5C: Ceannairí inár saol	120
	• Cleachtadh 5D: Iniúchadh a dhéanamh ar shaintréithe na ceannaireachta	121
	• Cleachtadh 5E: Pleanáil Cláir	122
	• Cleachtadh 5F: Measúnú riosca a dhéanamh ar an láthair agus lasmuigh den láthair	124
	• Cleachtadh 5G: Scileanna Cumarsáide	126

Gné	Ábhar	Leathanach Uimhir
	• Cleachtadh 5H: Ag Obair i bhFoirne • Cleachtadh 5I: An Fhoghlaim a chur i nGníomh– Aghaidh a thabhairt ar choimhlint idir daoine óga • Cleachtadh 5J: An Fhoghlaim a chur i nGníomh: Coimhlint idir Cheannairí a Bhainistiú	128 130 132
Aguisín a hAon	Clár Oiliúna Oibrithe Deonacha Samplach	134
Aguisín a Dó	Seicliosta d'Oiliúnóirí	138

Réamhrá

Cé dó a bhfuil an creat seo?

Beidh an acmhainn seo úsáideach do bhaill foirne/oibrithe deonacha in eagraíochtaí oibre óige atá freagrach as oiliúint a chur ar oibrithe deonacha nua agus tacú leo.

Téarmaíocht

Ar fud na hacmhainne seo, úsáidfear na téarmaí club/grúpa chun tagairt a dhéanamh don timpeallacht ina bhfuil oibrithe deonacha ag obair. D'fhéadfadh club óige, grúpa óige, tionscadal óige, seirbhís óige nó eagraíocht óige a bheith i gceist leis sin.

Ina theannta sin, tugtar rannpháirtithe ar dhaoine a fhreastalaíonn ar oiliúint ionduchtaithe, agus is iad saorálaithe/ceannairí atá i gceist sna bileoga eolais.

Conas an acmhainn seo a úsáid

Is iad eagraíochtaí oibre óige agus a n-oiliúnóirí is fearr a bhfuil aithne acu ar a n-eagraíochtaí agus a n-oibrithe deonacha agus a thuigeann iad. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeidh solúbthacht ag eagraíochtaí maidir le rogha a dhéanamh faoin méid a sholáthróidh siad a gcuirfidh siad béim air ina gcláir oiliúna, agus go gcuirfidh siad na cláir sin i gcomhthéacs lena bhféiniúlacht, a gcuspóir agus a gcleachtas féin a léiriú. Mar sin, tá an creat oiliúna seo beartaithe le bheith ina acmhainn thacúil d'oiliúnóirí, seachas ina chlár oiliúna forordaitheach.

Tá an acmhainn seo roinnte ina cúig chroíghné. Féadfaidh oiliúnóirí a gclár oiliúna a dhearadh timpeall na gcúig ghné sin nó ar an mbealach is fearr a oireann do riachtanais a n-oibrithe deonacha.

Tá na cúig ghné sin bunaithe ar shraith príomhcheisteanna ón gCreat Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta (CNCC):

- Cé muid féin?
- Cad a dhéanaimid agus cá ndéanaimid é?
- Cén fáth a ndéanaimid é?
- Cé dó a bhfuil sé agus cé leis a ndéantar é?
- Cén dóigh a ndéanaimid é?

Tosaíonn gach ceann de na cúig chuid sin le réamheolas faoin ngné agus faoi thoradh/ thorthaí foghlama molta, agus ina dhiaidh sin, moltar ábhar soláthair (a thugtar sna bileoga eolais) agus roinnt cleachtaí samplacha is féidir leis na hoiliúnóirí a úsáid chun bonn eolais a chur faoina soláthar.

Ina theannta sin, léirítear ar an tábla ar leathanach 138 den aguisín na naisc idir an t-ábhar agus na croíphrionsabail agus na caighdeáin sna Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta do Ghrúpaí Óige faoi Cheannas Oibrithe Deonacha (NQSVYG).

Is féidir bileoga eolais a úsáid chun cuir i láthair PowerPoint a fhorbairt, agus faisnéis chomhthéacsúil faoin eagraíocht san áireamh.

Nóta ar Aguisín 1

Tabhair do d'aire go bhfuil achoimre ar chlár ionduchtaithe samplach in **Aguisín 1**. Ní clár forordaitheach é sin, ach seachas sin is sampla molta é de chlár ionduchtaithe a bhféadfadh oiliúnóir tagairt a dhéanamh dó agus a oiriúnú de réir a riachtanas.

Nóta ar Aguisín 2

Tá seicliosta in **Aguisín 2** de réir na bpríomhréimsí sa NQSVYG, chun go mbeidh oiliúnóirí ábalta ábhar a sheiceáil i gcoinne na bprionsabal agus na dtáscairí sna caighdeáin náisiúnta do chlubanna.

Nótaí Treorach Breise

Tá nótaí treorach breise agus cleachtaí samplacha curtha leis an acmhainn seo, mar aon le naisc chuig ríomhfhoghlaim ar na topaicí seo a leanas (a tugadh chun suntais mar ábhair thábhachtacha sa phróiseas comhairliúcháin lena cuireadh bonn eolais faoin obair seo).

- Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le Club/Grúpa Óige Cuimsitheach a Chruthú
- Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le bheith ag obair le Daoine Óga atá Néara-éagsúil
- Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le bheith ag obair le Daoine Óga LADTAI+
- Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le hObair Óige Dhomhanda agus Ceartas Aeráide
- Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le Ceartas Aeráide – Éicea-EOECNA
- Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le Meabhairshláinte agus Folláine a Chur Chun Cinn

Cad é cuspóir na hoiliúna ionduchtaithe d'oibrithe deonacha atá páirteach in obair óige?

Clár pleanáilte is ea oiliúint ionduchtaithe d'oibrithe deonacha ina bhfuil eolas faoi obair óige, faoin eagraíocht óige, a cuid oibre le daoine óga, róil agus freagrachtaí mar aon le beartais agus nósanna imeachta ábhartha. Tugtar deis leis an bpróiseas ionduchtaithe don oibrí deonach nua machnamh a dhéanamh ar a spreagadh maidir le bheith ag obair le daoine óga agus tús a chur leis an bpróiseas foghlama faoi obair óige. Má infheistítear in oibrithe deonacha ón tús, bainfear luach saothair amach san fhadtéarma do dhaoine óga, do na hoibrithe deonacha iad féin, don eagraíocht óige agus don phobal i gcoitinne.

Achoimre ar na Príomhghnéithe, na Príomhréimsí Ábhair Gaolmhara, na Torthaí Foghlama agus naisc le NQSVYG

Eochair Gnéithe	**Príomhréimsí Ábhair**	**Torthaí Foghlama na Rannpháirtithe**	**Naisc chuig NQSVYG**
1. Cé muid féin?	Cé muid féin mar eagraíocht: Fís, Misean agus Luachanna na heagraíochta.	Tá siad ar an eolas faoi fhís/misean/luachanna na heagraíochta (de réir mar is ábhartha) agus faoin dóigh a dtacaíonn siad sin leis an obair le daoine óga. Tá a fhios acu cad is Ráiteas Cuspóra ann maidir lena gclub/ngrúpa óige.	Ráiteas Sonrach Cuspóra.
2. Cad a dhéanaimid agus cá ndéanaimid é?	Soláthar seirbhísí eagraíochtúla. Ról an oibrí dheonaigh sa Chleachtas Oibre Óige.	• Tá á fhios acu struchtúr na heagraíochta. • Tuigeann siad an réimse seirbhísí, clár, gníomhaíochtaí, srl. a sholáthraíonn an eagraíocht. • Tá siad ar an eolas faoi na rudaí a bhfuiltear ag súil leo uathu go ginearálta ina ról. • Tuigeann siad a gcearta agus a bhfreagrachtaí. • Tá eolas méadaithe acu ar an bpobal/ timpeallacht ina bhfuil siad ag obair go deonach.	Ráiteas Sonrach Cuspóra.

Eochair Gnéithe	Príomhréimsí Ábhair	Torthaí Foghlama na Rannpháirtithe	Naisc chuig NQSVYG
3. Cén fáth a ndéanaimid é?	Prionsabail agus Cleachtas na hOibre Óige. Sainmhíniú ar obair óige. Prionsabail na hoibre óige. Torthaí: • Do na daoine óga • Do na hoibrithe deonacha • Don eagraíocht • Don phobal i gcoitinne.	Faigheann siad buntuiscint ar phrionsabail agus ar chleachtas na hoibre óige. Tá eolas acu ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó phróiseas na hoibre óige maidir le: • daoine óga • oibrithe deonacha • an eagraíocht • agus an pobal i gcoitinne.	**Croíphrionsabal** Forbartha / Oideachasúil **Caighdeán 3** I gcás clár, cleachtas agus daoine, cinntítear agus cuirtear chun cinn forbairt, éacht agus dul chun cinn daoine óga.
4. Cé dó a bhfuil sé agus cé leis a ndéantar é?	Céimeanna forbartha i ndaoine óga. Caidreamh a chothú: • Le daoine óga • Le tuismitheoirí • Leis an bpobal áitiúil.	• Tá siad ar an eolas faoi na príomhathruithe ar fhorbairt san ógántacht agus sa luath-aosacht. • Tá siad ar an eolas faoin tábhacht ríthábhachtach a bhaineann le caidreamh a chothú le daoine óga trí phróiseas na hoibre óige. • Faigheann siad tuiscint ar ról an oibrí dheonaigh i gcaidreamh a chothú le daoine óga. • Faigheann siad tuiscint ar ról an oibrí dheonaigh i gcaidreamh a chothú le tuismitheoirí. • Tá siad ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le teorainneacha cuí i gcaidreamh idir oibrithe deonacha agus daoine óga.	**Croíphrionsabal** Forbartha / Oideachasúil **Caighdeán 3** I gcás clár, cleachtas agus daoine, cinntítear agus cuirtear chun cinn forbairt, éacht agus dul chun cinn daoine óga.

Eochair Gnéithe	Príomhréimsí Ábhair	Torthaí Foghlama na Rannpháirtithe	Naisc chuig NQSVYG
5. Cén dóigh a ndéanaimid é?	Stíleanna agus scileanna ceannaireachta. Pleanáil clár. Obair foirne, cumarsáid agus scileanna éisteachta. Ag obair le daoine óga i ngrúpaí. Beartais agus nósanna imeachta eagraíochta.	• Gheobhaidh siad tuiscint ar choincheap rannpháirtíocht na n-óg. • Déanfaidh siad iniúchadh ar stíleanna agus scileanna ceannaireachta cuí agus iad ag obair go díreach le daoine óga. • Scrúdóidh siad cuir chuige maidir le pleanáil bhunúsach clár, obair ghrúpa agus measúnú riosca. • Beidh siad ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le scileanna cumarsáide éifeachtacha agus obair foirne. • Beidh siad ar an eolas faoi conas conradh grúpa a fhorbairt le daoine óga. • Aithneoidh siad conas freagairt d'iompraíocht dhúshlánach. • Déanfaidh siad iniúchadh ar choincheap na bulaíochta agus ar straitéisí chun í a chosc agus idirghabháil a dhéanamh.	**Croíphrionsabal** Dírithe ar an duine óg **Caighdeán** **1** I gcás clár, cleachtas agus daoine, cinntítear rannpháirtíocht dheonach, cuimsiú agus guth daoine óga. ***Croíphrionsabal** Sábháilteacht agus folláine. **Caighdeán** **2** I gcás clár, cleachtas agus daoine, cinntítear agus cuirtear chun cinn sábháilteacht, tacaíocht agus folláine daoine óga.

***Maidir leis an gCroíphrionsabal – Sábháilteacht agus Folláine,** tabhair do d'aire go bhfuil roinnt oibleagáidí dlíthiúla ann do chlubanna agus do ghrúpaí, de réir Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí maidir le Cosaint agus Leas Leanaí 2017. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig www.youth.ie/programmes/child-protection/

Comhthéacs Náisiúnta

Tá roinnt beartais, straitéisí agus doiciméid seasaimh náisiúnta ann a bhfuil tionchar acu ar obair oibrithe deonacha san earnáil oibre don aos óg mar a leanas:

Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi Threoir Oibrithe Deonacha. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2013)

Is é an aidhm fhoriomlán leis na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta sin tacú le grúpaí óige faoi threoir oibrithe deonacha maidir le cláir agus gníomhaíochtaí forbartha/oideachais ardchaighdeáin a chruthú agus a sholáthar do dhaoine óga i dtimpeallachtaí sábháilte agus tacúla. Tá sé mar aidhm leis na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta:

- feabhas a chur ar cháilíocht na gclár agus na ngníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil
- feabhas a chur ar an dóigh a ndéantar cláir agus gníomhaíochtaí a phleanáil agus a sholáthar
- deis a thabhairt do dhaoine óga cead cainte a bheith acu i bhforbairt agus in athbhreithniú an ghrúpa agus a ghníomhaíochtaí.

Tá na caighdeáin bunaithe ar thrí chroíphrionsabal:

1. Dírithe ar an duine óg
2. Sábháilteacht agus folláine
3. Forbartha/Oideachasúil

Tá sé mar aidhm leis an ábhar san acmhainn seo tacú leis na trí phrionsabal sin, chomh maith leis an oiliúint ar chumhdach agus ar chosaint leanaí a chuirtear ar fáil d'oibrithe deonacha.
https://www.youth.ie/wp-content/uploads/2025/01/NQSF-Guidance.pdf

An Straitéis Náisiúnta um Obair Dheonach (2021 - 2025)

Is fís fhadtéarmach í sin d'obair dheonach agus d'oibrithe deonacha in Éirinn. Tá sé mar aidhm leis an straitéis luach agus cuidiú uathúil oibrithe deonacha i sochaí na hÉireann a aithint, a chur chun cinn agus tacú leo. Leagtar amach inti treo ginearálta do bheartas an rialtais i ndáil le hoibrithe deonacha agus timpeallacht na hoibre deonaí, agus cuirfear gníomhaíocht i bhfeidhm thar thréimhse cúig bliana. Tugtar deis leis an straitéis freisin don Rialtas a admháil cé chomh tábhachtach agus atá an obair dheonach d'fholláine na tíre agus baint amach na físe comhaontaithe agus uaillmhianaí a stiúradh.

https://www.gov.ie/en/publication/3cba6-national-volunteering-strategy/

Éire Óg: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028

Leagtar amach sa chreat beartais seo treo an bheartais agus na príomhthosaíochtaí le haghaidh gníomhaíocht tras-rialtais i leith leanaí agus daoine óga. Sa chreat beartais roimhe seo do leanaí agus do dhaoine óga, Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile, sainaithníodh cúig Thoradh Náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga a coinníodh sa chreat reatha.

Na Cúig Thoradh Náisiúnta

1. Gníomhach agus Sláintiúil
2. Gnóthachtáil san Fhoghlaim agus san Fhorbairt
3. Sábháilte agus Cosanta ar Dhíobháil
4. Slándáil agus Deis Eacnamaíoch
5. Ceangailte, Meas Orthu agus Cion a Dhéanamh lena nDomhan

https://www.gov.ie/en/publication/80ac4-young-ireland-the-national-policy-framework-for- children-and-young-people-0-24-2023-2028/

An Fhís don Obair Óige CNÓ (2023)

Leagtar amach sa doiciméad sin, a forbraíodh i gcomhar le ballraíocht CNÓ agus earnáil na hóige i gcoitinne, fís do threo na hoibre óige in Éirinn sna 10 mbliana atá romhainn. Is í an fhís 'Go mbeidh rochtain ag gach duine óg atá ina gcónaí in Éirinn ar sheirbhísí oibre óige ardchaighdeáin ag a bhfuil go leor acmhainní, a chomhlíonann a riachtanais sainráite, arna sholáthar ag gairmithe íoctha agus oibrithe deonacha a bhfuil tacaíocht mhaith á tabhairt dóibh'. Tá an fhís tacaithe ag ocht bpríomhthéama.

https://www.youth.ie/documents/vision-for-youth-work/

Plean Gníomhaíochta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2024-2028

Tá ceart éisteachta ag leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC). Is iad leanaí agus daoine óga san aoisghrúpa sin an príomhfhócas sa Phlean Gníomhaíochta. Is é an aidhm fhoriomlán leis an bPlean cuimsiú leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht a chur chun cinn ar gach leibhéal: sa bhaile, ar scoil, ina bpobal agus ar an leibhéal náisiúnta.

https://www.gov.ie/en/publication/25fcf-participation-of-children-and-young-people-in-decision-making-action-plan-2024-2028/

Deiseanna don Aos Óg: Straitéis Náisiúnta um Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara 2024-2028

Straitéis náisiúnta is ea Deiseanna don Aos Óg maidir le hobair óige agus seirbhísí gaolmhara lena soláthraítear fís shoiléir, cuspóirí straitéiseacha, agus gníomhaíochtaí tosaíochta chun treoir a thabhairt do chur chuige comhchoiteann maidir le seirbhísí oibre óige a fhorbairt sna blianta atá amach romhainn. Tá Deiseanna don Aos Óg treoraithe ag fís fhoriomlán go bhfuil "gach duine óg in Éirinn ábalta barr a c(h)umais a bhaint amach agus a t(h)odhchaí féin a mhúnlú ar bhealach dearfach."

gov - Deiseanna don Óige: Straitéis Náisiúnta um Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara 2024 2028 (www.gov.ie)

GNÉ

01

Cé muid féin?

NYCI National Youth Council of Ireland

GNÉ

01

Cé muid féin?

Cuireann Gné 1 oibrithe deonacha in aithne don eagraíocht óige ina bhfuil siad ag obair go deonach.



Torthaí Foghlama

Rannpháirtithe:

- Tá siad ar an eolas faoi fhís/ misean/luachanna na heagraíochta (de réir mar is ábhartha) agus faoin dóigh a dtacaíonn siad sin leis an obair le daoine óga.
- Tá a fhios acu cad is Ráiteas Cuspóra ann maidir lena gclub/ grúpa óige.

Bileog Eolais 1.1

Sainmhínithe ar Fhís, Misean, Luachanna & Ráiteas Cuspóra

Fís

Ráiteas faoi thodhchaí inmhianaithe nó roghnaithe na heagraíochta, agus mar atá ag éirí leis an eagraíocht.

Misean

Ráiteas ginearálta ar chuspóir foriomlán na heagraíochta – 'raison d'être' na heagraíochta, cad atá á dhéanamh aici faoi láthair.

Luachanna

Léirítear le ráitis luachanna croíphrionsabail agus eitic na heagraíochta agus léirítear cad atá tábhachtach ag an eagraíocht.

Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi Threoir Oibrithe Deonacha (NQSVYG)

Ba é an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) an tráth sin ar a dtugtar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) anois, a d'fhorbair an NQSVYG in 2013.

Is é an aidhm fhoriomlán leis na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta sin tacú le grúpaí óige faoi threoir oibrithe deonacha maidir le cláir agus gníomhaíochtaí forbartha/oideachais ardchaighdeáin a chruthú agus a sholáthar do dhaoine óga i dtimpeallachtaí sábháilte agus tacúla.

Tá sé mar aidhm leis na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta:

- feabhas a chur ar cháilíocht na gclár agus na ngníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil.
- feabhas a chur ar an dóigh a ndéantar cláir agus gníomhaíochtaí a phleanáil agus a sholáthar.
- deis a thabhairt do dhaoine óga cead cainte a bheith acu i bhforbairt agus in athbhreithniú an ghrúpa agus a ghníomhaíochtaí.

Ráiteas Sonrach Cuspóra: (Cad a dhéanann Clubanna/ Grúpaí Óige)

Ráiteas Sonrach Cuspóra (cad a dhéanann Clubanna/Grúpaí Óige)

D'fhorbair an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óga an ráiteas thíos agus leagtar amach ann a bhfuiltear ag súil leis ó ghrúpaí agus ó chlubanna óige do dhaoine óga.

'Is é cuspóir club/grúpa óige timpeallacht shábháilte, thacúil agus thaitneamhach a sholáthar inar féidir le daoine óga páirt a ghlacadh go deonach agus dul chun cinn a dhéanamh i réimse gníomhaíochtaí fóillíochta agus forbartha/oideachais'.

Ráiteas Sonrach Cuspóra (cad a dhéantar, cén fáth agus cé dó)

Is deis í seo do gach grúpa óige a rá cad a dhéanann siad, cén fáth a ndéanann siad é agus cé dó a bhfuil sé. Ba chóir don Ráiteas Cuspóra sin a bheith soiléir agus gonta. Ba chóir go dtacódh sé leis an Ráiteas Ginearálta Cuspóra (thuas) agus leis na Croíphrionsabail agus na Caighdeáin ghaolmhara.

CLEACHTADH
1A

Cleachtadh

Fís, Misean, Luachanna & Ráiteas Cuspóra

Aidhmeanna an Chleachtaidh

- Chun eolas a thabhairt do na rannpháirtithe faoi fhís, misean agus luachanna na heagraíochta.
- Chun eolas a thabhairt do rannpháirtithe faoin Ráiteas Sonrach Cuspóra don chlub/ghrúpa óige.

Treoracha

Tosaíonn an t-oiliúnóir le babhta ina gcuireann na rannpháirtithe aithne ar a chéile agus iarrann sé orthu cén fáth ar chinn siad obair dheonach a dhéanamh leis an eagraíocht sin a insint don ghrúpa.
Cuireann an t-oiliúnóir bileog eolais nó cur i láthair PowerPoint ar fáil don ghrúpa ina bhfuil ráitis maidir le fís, misean agus luachanna na heagraíochta (ag baint leasa as Bileog Eolais 1.1).

I ngrúpaí beaga, iarrtar ar na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas agus é a phlé:

1. Cad a cheap tú ar dtús faoi na ráitis sin?
2. Cad iad na príomhfhocail/príomhfhrásaí a sheasann amach duit?
3. Cén bhaint atá ag fís/misean/luachanna na heagraíochta le do spreagadh féin chun oibriú le daoine óga?

Treoracha
(ar lean)

I ndiaidh roinnt aiseolais, éascaíonn an t-oiliúnóir tuilleadh plé ar an dóigh a dtacaíonn an fhís, an misean agus na luachanna le hobair na heagraíochta, tugann sé/sí roinnt samplaí praiticiúla agus ansin pléann sé/sí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na ráitis sin ar a gcuid oibre.

Ansin, tugann an t-oiliúnóir isteach na Ráitis Ghinearálta agus Shonracha Chuspóra, agus tugann siad maoiniú orthu, de réir na bileoige eolais. Má tá na rannpháirtithe chun obair dheonach a dhéanamh le club/grúpa atá ann cheana, is féidir leis an oiliúnóir an Ráiteas sonrach Cuspóra reatha a chur i láthair. Má tá rannpháirtithe ag obair go deonach le club/grúpa nua, míníonn an t-oiliúnóir go bhforbrófar an Ráiteas sonrach Cuspóra ag deireadh an chláir ionduchtaithe, nuair a bheidh tuiscint níos fearr ag na rannpháirtithe ar a ndéanann a gclub/grúpa óige, an fáth a ndéanann sé é agus cé dó a bhfuil sé.



Acmhainn Úsáideach

Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi Threoir Oibrithe Deonacha.
https://www.youth.ie/wp-content/uploads/2025/01/NQSF-Guidance.pdf

GNÉ

02

Cad a dhéanaimid agus cá ndéanaimid é?

National Youth Council of Ireland

GNÉ
02

Cad a dhéanaimid agus cá ndéanaimid é?

I nGné 2, tugtar eolas do na rannpháirtithe faoi struchtúr na heagraíochta agus faoina soláthar seirbhísí, chomh maith le ról an oibrí dheonaigh agus na timpeallachtaí ina mbeidh sé/sí ag obair.



Torthaí Foghlama

Rannpháirtithe:

- Tá a fhios acu faoi struchtúr na heagraíochta
- Tuigeann siad an réimse seirbhísí, clár, gníomhaíochtaí, srl. a sholáthraíonn an eagraíocht
- Tá siad ar an eolas faoi na rudaí a bhfuiltear ag súil leo uathu go ginearálta ina ról
- Tuigeann siad a gcearta agus a bhfreagrachtaí
- Tá eolas méadaithe acu ar an bpobal/timpeallacht ina bhfuil siad ag obair go deonach.

Tabhair do d'aire: Tá sé tábhachtach go gcuimhníonn tú go bhfuil gné phobail agus cuspóir sóisialta ag baint leis an obair óige. Neartaíonn daoine óga a ghlacann páirt sa saol sibhialta an comhtháthú sóisialta (an muintearas agus an obair i dtreo aidhm choiteann).

Is féidir le rannpháirtíocht sa phobal athruithe dearfacha a sholáthar, i gcás ina mbíonn cuidiú daoine óga le feiceáil agus go bhfuil meas air. Tá gá leis an gcomhthéacs ina maireann daoine óga, a gcuid eispéireas agus na deiseanna agus na dúshláin atá rompu a chur san áireamh.

Bileog Eolais 2.1

Ról an Oibrí Dheonaigh

Tá ról an oibrí deonaigh difriúil i ngach eagraíocht. Seo a leanas roinnt samplaí:

1. Club Óige

Le foireann oibrithe deonacha, club óige a reáchtáil, daoine óga a gcumasú chun ról ceannaireachta a ghlacadh ina gclub féin. Is gnách go mbíonn na clubanna sin ar siúl le linn théarma na scoile, ar bhonn seachtainiúil.

2. Tacaíocht a thabhairt do Chaiféanna nó do Chláir Óige

Ar bhonn seachtainiúil nó mar chuid d'uainchlár, tacú le cláir faoi stiúir foirne agus amanna buail isteach a thacaíonn le forbairt na hóige, ag obair taobh le hoibrithe óige cáilithe, scileanna a fhorbairt agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oiliúna lena bhfeabhsófar féinfhorbairt.

3. Clár Samhraidh nó Leath-théarma

Tacú le cláir agus imeachtaí a reáchtáiltear le linn sosanna scoile. D'fhéadfadh fócas ar leith a bheith sna cláir sin amhail Oíche Shamhna nó an Cháisc, srl. agus is minic a bhíonn turais chuig gníomhaíochtaí agus nithe is díol spéise éagsúla i gceist leo.

4. Róil i gCoistí

Déanann coiste áitiúil bainistíocht ar fhormhór na gclubanna/ngrúpaí, lena n-áirítear réimse ról amhail cathaoirleach, rúnaí, cisteoir, srl. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na róil sin, téigh chuig https://www.youth.ie/ways-to-volunteer/

5. Bord Stiúrthóirí

Déanann Bord Stiúrthóirí deonach bainistíocht ar fhormhór na n-eagraíochtaí óige. Toghtar nó ainmnítear stiúrthóirí ar na boird sin de ghnáth agus bíonn a nós imeachta féin ag gach eagraíocht ina leith sin.

Bileog Eolais 2.2

Roghanna maidir le hObair Dheonach

Maidir le hobair dhíreach le daoine óga, seo a leanas samplaí de chuid de na roghanna le haghaidh obair dheonach laistigh d'eagraíochtaí óige:

Oibrithe Deonacha Ócáideacha

Is daoine iad sin a dhéanann obair dheonach le haghaidh imeacht aonuaire. Déanann siad obair dheonach ó am go chéile, b'fhéidir uair nó dhó sa bhliain.

Oibrithe Deonacha Rialta

Is daoine iad seo a thugann gealltanas, ar bhonn leanúnach de ghnáth laistigh den eagraíocht amháin a bhfuil baint acu léi le tamall maith. Déanann siad obair dheonach rialta san eagraíocht.

Oibrithe Deonacha Sonracha

Is daoine iad sin a dhéanann obair dheonach do thasc nó ról ar leith in eagraíocht. Áirítear leis sin róil amhail poist freagrachta as rialachas na heagraíochta, m.sh. comhalta boird. Is gnách go ndéantar iad a thoghadh agus/nó a earcú ón bpobal agus/nó ón bhfoireann bunaithe ar a gcuid scileanna agus taithí.

Oibrithe Deonacha Óga

Is daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois iad sin ar féidir leo a dtallann agus scileanna a úsáid chun cur le club/grúpa óige.

D'fhéadfadh gníomhú mar phiarmheantóirí do dhaoine óga eile, nó cuidiú le ceannairí fásta ina róil san eagraíocht a bheith i gceist leis sin.

Tá sé tábhachtach go gcuimhníonn tú nár ceart go mbeadh an leibhéal céanna freagrachta ag na hoibrithe deonacha óga sin agus atá ag ceannairí fásta.

Oibrithe Deonacha Speisialaithe

Bíonn scil, suim/paisean ar leith ag na hoibrithe deonacha sin maidir le bheith ag obair le grúpaí daoine óga ar leith nó ar shaincheisteanna ar leith m.sh. LADTAI+, ceartas aeráide, néara-éagsúlacht, na healaíona, srl.

Bileog Eolais 2.3

Cur Síos ar Róil na nOibrithe Deonacha

Ba chóir d'oibrithe deonacha a bheith ag súil le cur síos soiléir a fháil ar an ról. Ba chóir é sin a dhréachtú (maidir le fostaithe íoctha), bunaithe ar riachtanais na heagraíochta agus ba chóir go mbeadh cur síos cuimsitheach ann ar thiomantas agus ar fhreagracht an oibrí dheonaigh don eagraíocht. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ann:

- Comhthéacs na hoibre agus cé leis a mbeidh siad ag obair
- Achoimre ar na tascanna lena mbaineann
- An tiomantas ama - cathain, cé chomh fada, an bhfuil sé solúbtha, an bhfuil sé fadtéarmach nó gearrthéarmach?
- Eolas faoi thacaíochtaí eagraíochtúla amhail costais, ionduchtú agus deiseanna oiliúna eile
- Eolas faoi na struchtúir bhainistíochta agus tuairiscithe.

Acmhainn Úsáideach

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le cur síos ar róil oibrithe deonacha a fhorbairt, téigh chuig:

https://www.volunteer.ie/resource_library/designing-volunteer-role-descriptions/

Bileog Eolais 2.4

Cearta na nOibrithe Deonacha

Tá an ceart ag an oibrí deonach/ceannaire chun:

- Eolas a fháil faoi chuspóir, obair agus luachanna na heagraíochta chomh maith lena beartas maidir le hoibrithe deonacha agus obair dheonach
- Cur síos soiléir i scríbhinn a fháil ar an obair a dhéanfaidh siad agus na tascanna a thabharfar dóibh laistigh den obair sin
- Go gcaithfear leo mar bhall luachmhar den eagraíocht trí bheith san áireamh i seisiúin oiliúna ábhartha, i gcruinnithe ábhartha, in imeachtaí sóisialta, srl.
- Ionduchtú agus oiliúint chuí a fháil
- Fios a bheith acu cé leis ar cheart dóibh dul ina muinín le ceisteanna, fadhbanna nó deacrachtaí
- Go mbeadh meas orthu trí mheas a bheith ag an eagraíocht ar a gcuid oibre
- Go ndéanfaidh siad botúin agus go bhfoghlaimeoidh siad uathu
- A dtuairimí a chur in iúl
- Tacaíocht agus maoirseacht a fháil, lena n-áirítear aiseolas rialta cuiditheach ar fheidhmíocht
- Oibriú i dtimpeallacht shábháilte
- Bheith clúdaithe ag árachas
- Roghanna a bheith agat agus a bheith ábalta na roghanna sin a chaibidliú
- Bheith ábalta diúltú do rud
- Aisíocaíocht a fháil as aon chostais as póca/aontaithe
- Go rachfar i gcomhairle leo maidir le nithe a bhaineann lena gcuid oibre
- Bheith saor ó idirdhealú ar aon fhoras.

Bileog Eolais 2.5

Freagrachtaí na nOibrithe Deonacha

Tá freagrachtaí ar oibrithe deonacha freisin maidir le:

- A ról a chomhlíonadh ar mhaithe le daoine óga
- An ról a chomhlíonadh chomh maith agus is féidir leo
- Bheith iontaofa – freastal ar an ngrúpa/gclub/tionscadal ag amanna aontaithe
- An duine cuí a chur ar an eolas roimh ré, mura mbeidh siad ag freastal
- Aontú go gcloífidh siad le beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta
- Rúndacht daoine óga a urramú
- Meas a bheith acu ar oibrithe deonacha eile, ar bhaill foirne agus ar gach duine atá páirteach san eagraíocht
- Bheith macánta agus oscailte maidir le haon fhadhbanna nó deacrachtaí
- Freastal ar sheisiúin oiliúna nó tacaíochta de réir mar a aontaíodh
- Eolas a chur in iúl go cuí
- Cuidiú nó tacaíocht a iarraidh más gá.

CLEACHTADH
2A

Cleachtadh

Eolas faoinár nEagraíocht

Aidhmeanna an Chleachtaidh

- Na rannpháirtithe a chur ar an eolas faoi chuspóir, struchtúr agus seirbhísí na heagraíochta (cláir srl.)
- Eolas a thabhairt do na rannpháirtithe faoi phróifíl na timpeallachta/an phobail ina mbeidh siad ag obair.

Treoracha

Tugann an t-oiliúnóir ionchur ar na nithe seo a leanas:

- Cuspóir na heagraíochta (aidhmeanna/ cuspóirí)
- Struchtúr na heagraíochta. Beidh léarscáil na heagraíochta (léiriú amhairc ar struchtúir agus ordlathas na foirne agus na n-oibrithe deonacha) úsáideach maidir leis sin.
- Soláthar seirbhísí laistigh den eagraíocht (réimse na gclár, na ngníomhaíochtaí, na n-imeachtaí, srl. a chuirtear ar fáil). Beidh suíomh gréasáin agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta úsáideach maidir leis sin.
- Próifíl den phobal, lena n-áirítear an phróifíl dhéimeagrafach, acmhainní áitiúla, eagraíochtaí ábhartha eile, saincheisteanna a

Treoracha (ar lean)

théann i bhfeidhm ar shaol daoine óga, srl. na daoine óga agus na príomh-shaincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu.

Iarrann an t-oiliúnóir ar an ngrúpa ceisteanna a chur agus cuireann sé/sí réimse ábhair mhíniúcháin ar fáil de réir mar is ábhartha.

CLEACHTADH
2B

Cleachtadh

Ról an Oibrí Dheonaigh

Aidhmeanna an Chleachtaidh

Deis a thabhairt do rannpháirtithe chun:

- A n-ionchais agus a n-ábhair imní maidir le ról an oibrí dheonaigh a iniúchadh
- A gcearta agus a bhfreagrachtaí agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh a aithint

Treoracha

Iarrann an t-oiliúnóir ar na rannpháirtithe, ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga, na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- Cén fáth ar thairg tú obair dheonach a dhéanamh sa chlub/ghrúpa seo?
- Cad é a bhainfidh tú amach ón eispéireas/ó d'ionchais?
- Cad iad na hábhair imní atá ort faoi obair dheonach a dhéanamh?
- Cad iad na tascanna/freagrachtaí sonracha a bhfuiltear ag súil leat a dhéanamh?
- Cé leis a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh tú agus an ról sin á chomhlíonadh agat?
- Cad iad do chearta mar oibrí deonach?
- Cé is féidir cuidiú leat/tacaíocht a thabhairt duit?
- Cad eile a d'fhéadfadh a bheith uait chun do ról a chomhlíonadh go héifeachtach?

Treoracha (ar lean)

Éascaíonn an t-oiliúnóir aiseolas agus plé ar na ceisteanna sin, tugann sé/sí aghaidh ar aon ábhair imní agus soláthraíonn sé/sí aon eolas breise ábhartha soiléirithe, rud a chinntíonn go dtuigfidh na rannpháirtithe a gcearta, a bhfreagrachtaí agus a dtacaíochtaí go soiléir. Tá plé oscailte agus macánta maidir le hionchais agus ábhair imní oibrithe deonacha ón tús riachtanach toisc go gcuidíonn siad le míthuiscintí agus deacrachtaí amach anseo a chosc.



Acmhainn Úsáideach

Faisnéis/acmhainní/beartais na hEagraíochta maidir le hobair dheonach.

Cur síos ar Róil Oibrithe Deonacha a Dhearadh (ó Volunteer Ireland) le fáil ag:

https://www.volunteer.ie/resource_library/designing-volunteer-role-descriptions/

GNÉ

03

Cén fáth a ndéanaimid é?

National Youth Council of Ireland

GNÉ

03

Cén fáth a ndéanaimid é?

I nGné 3, tugtar eolas do na rannpháirtithe faoi phróiseas na hoibre óige.



Torthaí Foghlama

- Faigheann na rannpháirtithe buntuiscint ar phrionsabail agus ar chleachtas na hoibre óige
- Tá na rannpháirtithe ar an eolas faoi na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó phróiseas na hoibre óige maidir le:
    - daoine óga
    - an pobal áitiúil
    - sochaí
    - oibrithe deonacha.

Bileog Eolais 3.1

Sainmhíniú ar Obair Óige.

De réir an Achta um Obair Ógra, 2001

Is éard atá i gceist le "hObair Óige" ná clár oideachais pleanáilte a dheartar chun cuidiú le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga agus í a fheabhsú trína rannpháirtíocht dheonach, agus atá;

(i) comhlántach lena n-oideachas agus lena n-oiliúint fhoirmiúil, acadúil nó ghairme.
(ii) curtha ar fáil go príomha ag eagraíochtaí deonacha oibre óige

Fís CNÓ don Obair Óige

Leagtar amach san Fhís don Obair Óige fís do threo na hoibre óige in Éirinn sna 10 mbliana atá romhainn.
Fís: Go mbeidh rochtain ag gach duine óg atá ina gcónaí in Éirinn ar sheirbhísí oibre óige ardchaighdeáin ag a bhfuil go leor acmhainní, a chomhlíonann a riachtanais sainráite, arna sholáthar ag gairmithe íoctha agus oibrithe deonacha a bhfuil tacaíocht mhaith á tabhairt dóibh. https://www.youth.ie/documents/vision-for-youth-work/

Prionsabail na hOibre Óige

1. Baineann sé go príomha le hoideachas agus forbairt, phearsanta agus shóisialta daoine óga.
2. Braitheann sé ar rannpháirtíocht dheonach daoine óga: níl siad faoi oibleagáid freastal ná páirt a ghlacadh.
3. Mar chuid thábhachtach den tsochaí shibhialta nó mar a thugtar 'saol comhcheangail' air uaireanta (trína dtagann saoránaigh le chéile chun oibriú i gcomhar le chéile chun cuspóirí comhroinnte a bhaint

amach), tá ról na n-eagraíochtaí deonacha, agus na n-oibrithe deonacha aonair, ríthábhachtach don obair óige.

4. Tá an obair óige tiomanta do shábháilteacht agus d'fholláine daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.
5. Tá daoine óga ina gcomhpháirtithe iomlána agus gníomhacha san obair óige, agus glacann siad páirt fhiúntach i gcinntí a dhéanamh agus i gclár agus i ngníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur chun feidhme.
6. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm le hobair óige daoine óga a chumhachtú agus guth a thabhairt dóibh, ina n-aonar agus le chéile, agus ba cheart cearta leanaí agus daoine óga mar shaoránaigh a chosaint agus a chur chun cinn léi (amhail na cinn atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh).
7. Ba cheart go bhféachfaidh le hobair óige oscailteacht agus cuimsitheacht a bhaint amach agus comhionannas a chur chun cinn go gníomhach; níor cheart go mothódh aon duine óg aonair, ná aon ghrúpa daoine óga, go bhfuil siad á n-eisiamh nó go bhfuil beag is fiú á dhéanamh dóibh i gcomhthéacs na hoibre óige.
8. Tá gné phobail agus cuspóir sóisialta ag baint le hobair óige; tá tairbhí inti do dhaoine fásta chomh maith le daoine óga; neartaítear léi dlúthpháirtíocht shóisialta agus cuireann sí le hathrú sóisialta dearfach.
9. Ba chóir don obair óige, mar atá le gach oideachas maith, a bheith dúshlánach agus taitneamhach, a bheith sásúil agus spraíúil, a bheith láidir agus spreagúil, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon.

(M. Devlin, 'Thinking about Youth Work in Ireland', Comhairle na hEorpa 2017)

Bileog Eolais 3.2

Samplaí de Chuid de na Gníomhaíochtaí agus na Cláir Oibre Óige is Coitianta

- Gníomhaíochtaí fóillíochta agus spóirt agus caitheamh aimsire faoi dhíon/amuigh faoin aer, in éide agus gan éide
- Cláir agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha, ealaíonta agus cultúrtha nó teanga-bhunaithe
- Cláir agus gníomhaíochtaí forbartha spioradálta
- Cláir a dheartar do ghrúpaí sonracha daoine óga, lena n-áirítear mná nó fir óga, daoine óga faoi mhíchumas, Taistealaithe óga nó daoine óga i ngrúpaí eitneacha eile, iarrthóirí tearmainn óga, daoine óga LADTAI+
- Gníomhaíochtaí bunaithe ar shaincheisteanna (m.sh. ceartas agus feasacht shóisialta, an comhshaol, oideachas forbartha)
- Gníomhaíochtaí agus cláir a bhaineann le leas agus folláine (cur chun cinn sláinte, caidreamh agus gnéasacht, bainistíocht struis)
- Gníomhaíochtaí agus malartuithe feasachta idirchultúrtha agus idirnáisiúnta
- Cláir agus gníomhaíochtaí a dhíríonn ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) agus obair óige dhigiteach
- Foghlaim neamhfhoirmiúil trí ghaol, idirghníomhaíocht agus comhrá le hoibrithe óige agus daoine óga eile

(Devlin 2017)

Bileog Eolais 3.3

Na Tairbhí a Bhaineann le hObair Óige

Cuireann obair óige luach le saol gach duine óig, ag cuidiú leo scileanna agus tréithe buana a fhorbairt, agus is féidir léi dul i gcion go háirithe ar shaol daoine óga atá leochaileach nó faoi mhíbhuntáiste, nó a bhfuil an deacracht is mó acu mar gheall ar an gcóras oideachais foirmiúil. Is féidir léi cuidiú le muinín a chothú, deiseanna foghlama nua a sholáthar, eispéiris nua a chur ar fáil agus muintearas a thabhairt do dhaoine óga trí chaidreamh, ceangal agus tacaíocht.

Do Dhaoine Óga

(*) Tá sé cruthaithe le taighde go bhfuil tionchar suntasach ag obair uilíoch don aos óg ar fhorbairt agus ar fhás pearsanta daoine óga. Áirítear leis sin réimsí toraidh amhail méadú ar mhuinín, oscailteacht i leith aiseolais, spreagadh agus forbairt carachtair nó féiniúlachta. Téann sí i gcion ar an méid seo a leanas freisin:

- Scileanna mothúchánacha (m.sh. déileáil le fadhbanna agus rialú mothúchán)
- Scileanna cognaíocha (m.sh. gníomhú pearsanta, réiteach fadhbanna agus cinnteoireacht)
- Scileanna sóisialta (m.sh. cumarsáid, inniúlacht shóisialta agus obair foirne) agus
- Scileanna iompraíochta (m.sh. roghanna dearfacha a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh).

Do Phobail

Is éard atá i gceist le hobair óige ná daoine fásta agus daoine óga a oibríonn le chéile, a chothaíonn an spioraid pobail agus a ghlacann ról gníomhach i bhforbairt a bpobal. Is uirlis ríthábhachtach í maidir leis sin trí spásanna,

Do Phobail

tacaíochtaí agus deiseanna a sholáthar do dhaoine óga ó gach cúlra chun cur lena bpobail áitiúla.

Léiríonn taighde go raibh baint ag rannpháirtíocht in obair óige le tairbhí a baineadh amach i dtéarmaí na rannpháirtíochta sibhialta, na seirbhíse pobail, na ceannaireachta agus na hoibre deonaí. Tháinig freagracht fheabhsaithe shóisialta agus eolas feabhsaithe faoi shaincheisteanna i ndáil le comhionannas agus éagsúlacht chun cinn mar thoradh ar rannpháirtíocht in obair óige freisin.

Don tSochaí

Tugann obair óige aghaidh ar fhíorfhadhbanna sóisialta, téann sí i ngleic le míbhuntáiste agus feabhsaíonn sí an saol daonlathach. Fuarthas go dtagann freagracht fheabhsaithe shóisialta agus eolas feabhsaithe faoi shaincheisteanna i ndáil le comhionannas agus éagsúlacht as rannpháirtíocht in obair óige. Go háirithe, tá Obair Óige Dhomhanda in áit lárnach maidir le cur le dul i ngleic le roinnt de na príomh-shaincheisteanna domhanda atá sa domhan inniu, lena n-áirítear:

- Tacú le daonlathas agus cearta an duine, saoránacht, rannpháirtíocht, comhdheiseanna agus guth comhionann
- Cothú síochána agus caoinfhulaingt a chur chun cinn agus radacú a chomhrac
- Ag déileáil le hathrú sóisialta
- Féiniúlacht dhearfach, gníomhú agus neamhspleáchas a neartú
- Seasamh leis an tsochaí shibhialta.

* Brady, B., Silke, C., agus Shaw, A. (2022) A Rapid Review of the Benefits and Outcomes of Universal Youth Work. Gaillimh: Ionad Taighde Leanaí agus Teaghlach EOECNA, Ollscoil na Gaillimhe.

CLEACHTADH

3A

Cleachtadh

Cuspóir na hOibre Óige (Díospóireacht Siúil)

Aidhm an Chleachtaidh

Cuidiú leis na rannpháirtithe a dtuiscint ar chuspóir na hoibre óige a iniúchadh.

Treoracha

Cuireann an t-oiliúnóir trí leathanach i gcoirnéil éagsúla den seomra oiliúna:

- ceann leis an gceannteideal AONTAÍM
- ceann leis an gceannteideal EASAONTAÍM agus
- ceann leis an gceannteideal NÍL A FHIOS AGAM

Insíonn an t-oiliúnóir do na rannpháirtithe go léifidh siad roinnt ráiteas amach faoi chuspóir na hoibre óige agus iarrann sé/sí orthu ansin dul go dtí an coirnéal ábhartha den seomra ag brath ar cad a cheapann siad faoin ráiteas, is é sin, an aontaíonn siad leis, an easaontaíonn siad leis nó nach bhfuil a fhios acu faoi.

I ndiaidh gach ráitis, agus nuair a bheidh a bhfreagra roghnaithe ag na rannpháirtithe, éascaíonn an t-oiliúnóir plé maidir lena gcuid smaointe ar an ráiteas lena mbaineann.

Má tá an cleachtadh seo á dhéanamh agat ar líne, is féidir leat ordóg suas nó síos a úsáid le haghaidh aontú nó easaontú.

Nóta: Ba chóir na rannpháirtithe a chur ar an eolas go mbaineann sé sin lena dtuairimí faoi

Treoracha (ar lean)

chuspóir na hoibre óige, seachas a bheith buartha faoi fhreagraí cearta nó míchearta. Tá an rogha ag na rannpháirtithe freisin a seasamh a athrú le linn an phlé freisin, más mian leo.

Ráitis:

- Is é cuspóir na hoibre óige spás a chur ar fáil do dhaoine óga le bheith ag crochadh amach, gan daoine fásta a bheith 'i gceannas' – Aontaím nó Easaontaím nó Níl a fhios agam
- Obair oideachasúil is ea obair óige agus ní bhaineann sí i gcónaí le spraoi a bheith agat – Aontaím nó Easaontaím nó Níl a fhios agam
- Ba chóir go mbeadh cead ag daoine óga na cinntí go léir i gclub/dtionscadal/seirbhís óige a dhéanamh - Aontaím nó Easaontaím nó Níl a fhios agam
- Tá freagracht ar cheannairí óige tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoi gach saincheist a bhaineann lena leanaí - Aontaím nó Easaontaím nó Níl a fhios agam
- Níor cheart daoine óga a fhágáil amach ó chlub/ghrúpa beag beann ar a n-iompraíocht roimhe seo - Aontaím nó Easaontaím nó Níl a fhios agam
- Is faoin duine óga atá sé go hiomlán cé acu a fhreastalaíonn/nach bhfreastalaíonn sé/sí nó a ghlacann/nach nglacann sé/sí páirt - Aontaím nó Easaontaím nó Níl a fhios agam.

Féadfaidh an t-oiliúnóir an plé sin a úsáid mar dheis chun foghlaim faoin obair óige agus ar a ról mar oibrí deonach agus a dtuiscint orthu sin a neartú, faoi threoir shainmhíniú agus phrionsabal na hoibre óige (Bileog Eolais 3.1 Sainmhíniú agus Prionsabail na hOibre Óige).

CLEACHTADH
3B

Cleachtadh

Ról an Oibrí Dheonaigh in Obair Dheonach

Aidhm an Chleachtaidh

Deis a thabhairt d'oibrithe deonacha iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a dtagann a ról le cuspóir agus prionsabail na hoibre óige.

Tabhair do d'aire gur cheart go mbeadh an cleachtadh ar chur síos ar an ról d'oibrí deonach déanta ag na rannpháirtithe sula ndéanfaidh siad an cleachtadh sin.

Treoracha

Roinneann an t-oiliúnóir na rannpháirtithe ina 3 ghrúpa agus iarrann sé/sí ar gach grúpa ról duine dóibh seo a leanas a ghlacadh:

1. Múinteoir Scoile
2. Cóitseálaí Spóirt
3. Tuismitheoir

Iarrann an t-oiliúnóir ar na rannpháirtithe i ngach grúpa na bealaí a scríobh síos ina bhfuil an ról sin **difriúil** le ról oibrí dheonaigh in obair óige agus smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- Cineál an **chaidrimh** idir an duine fásta agus an duine óg (m.sh. bíonn grá ag tuismitheoir dá leanbh agus caitheann an t-oibrí deonach ar bhealach dearfach leis an duine óg)
- **Rún** nó cuspóir an chaidrimh (m.sh. cuireann an múinteoir scoile curaclam foirmiúil ar fáil agus bíonn oibrí deonach ag plé le daoine óga bunaithe ar a leasanna agus ar a riachtanais)

Treoracha (ar lean)

- Na **tairbhí** atá beartaithe don duine óg (m.sh. oibríonn an cóitseálaí spóirt chun leibhéil aclaíochta a fheabhsú agus oibríonn an t-oibrí deonach le daoine óga lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta a fheabhsú).

Iarrann an t-oiliúnóir ar na rannpháirtithe ansin plé a dhéanamh ar a bhfuil tugtha faoi deara acu.

Ba chóir d'oiliúnóirí aird a tharraingt ar shaincheisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht dheonach daoine óga, an tábhacht a bhaineann le caidreamh agus muinín a chothú, oideachas neamhfhoirmiúil i gcomparáid le hoideachas foirmiúil, poist fhoirmiúla cumhachta agus údaráis agus an tábhacht a bhaineann le teorainneacha cuí a choinneáil ar bun.

D'fhéadfadh an t-oiliúnóir féachaint ar na bileoga eolais seo a leanas:

Bileog Eolais 3.1: Sainmhíniú ar Obair Dheonach agus Prionsabail na hOibre Óige

Bileog Eolais 3.3: Na Buntáistí a Bhaineann le hObair Óige.

CLEACHTADH
3C

Cleachtadh

Torthaí ó Obair Óige

Aidhm an Chleachtaidh

Go mbeidh na rannpháirtithe ábalta na torthaí féideartha ón obair óige do dhaoine óga, dá bpobail agus don tsochaí i gcoitinne a shainaithint.

Treoracha

Roinneann an t-oiliúnóir na rannpháirtithe ina 3 ghrúpa níos lú agus tugann sé ceann de na catagóirí seo a leanas do gach grúpa:

1) daoine óga
2) pobail daoine óga
3) an tsochaí

Iarrtar ar na rannpháirtithe na torthaí a mheasann a siad a bheith ábhartha dá ngrúpa ar leith a shainaithint.

Éascaíonn an t-oiliúnóir aiseolas agus plé, ag féachaint ar na bileoga eolais ábhartha, lena n-áirítear Bileog Eolais 3.3 Na Tairbhí a bhaineann le hObair Óige.

Iarrann an t-oiliúnóir ar na grúpaí beaga ansin na torthaí is mian leo a bhaint amach dóibh féin as bheith páirteach in obair óige a shainaithint, ag baint úsáid as na bileoga oibre thíos.

Acmhainní Úsáideacha

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar an bhfíseán seo ó Ollscoil Mhá Nuad

YouthWorkAndYou:
https://youtu.be/RzLenfzmIJY

CNÓ: Fís don Obair Óige
https://www.youth.ie/documents/vision-for-youth-work/

Bileog Oibre

TORTHAÍ DO DHAOINE ÓGA ÓNA RANNPHÁIRTÍOCHT IN OBAIR ÓIGE

In bhur n-aonar, nó i ngrúpaí beaga, déan na torthaí féideartha go léir a bhaineann le rannpháirtíocht daoine óga i bpróiseas na hoibre óige a phlé agus a shainaithint agus comhlánaigh an bhileog oibre thíos:

- Pléigh an fáth a bhfuil na torthaí sin tábhachtach do dhaoine óga.
- Pléigh conas is féidir le hoibrithe deonacha tacú le daoine óga chun na torthaí sin a bhaint amach.



Bileog Oibre

TORTHAÍ DON PHOBAL I GCOITINNE

In bhur n-aonar, nó i ngrúpaí beaga, déan na torthaí féideartha go léir atá ann don phobal i gcoitinne ó rannpháirtíocht daoine óga san eagraíocht sin a phlé agus a shainaithint agus comhlánaigh an bhileog oibre thíos:

- Pléigh an fáth a bhfuil na torthaí sin tábhachtach do phobal i gcoitinne.
- Pléigh conas is féidir leis an bpobal i gcoitinne na torthaí sin a bhaint amach.



Bileog Oibre

TORTHAÍ DON TSOCHAÍ

In bhur n-aonar, nó i ngrúpaí beaga, déan na torthaí féideartha go léir atá ann don tsochaí, dar leat, ó rannpháirtíocht daoine óga san eagraíocht sin a phlé agus a shainaithint agus comhlánaigh an bhileog oibre thíos:

- Pléigh an fáth a bhfuil na torthaí sin tábhachtach don tsochaí.
- Pléigh conas is féidir na torthaí sin a bhaint amach.



Bileog Oibre

TORTHAÍ D'OIBRITHE DEONACHA ÓNA RANNPHÁIRTÍOCHT IN OBAIR ÓIGE

In bhur n-aonar, nó i ngrúpaí beaga, déan na torthaí féideartha go léir a bhfuil súil agat mar oibrí deonach /cheannaire a bhaint amach as do rannpháirtíocht i bpróiseas na hoibre óige a phlé agus a shainaithint agus comhlánaigh an bhileog oibre thíos:

- Pléigh an fáth a bhfuil na torthaí sin tábhachtach d'oibrithe deonacha/cheannairí.
- Pléigh conas is féidir tacú le hoibrithe deonacha/ceannairí chun na torthaí sin a bhaint amach trína rannpháirtíocht i gcleachtas oibre óige.



GNÉ

04

Cé dó a bhfuil sé agus cé leis a ndéantar é?

NYCI National Youth Council of Ireland

GNÉ

04

Cé dó a bhfuil sé agus cé leis a ndéantar é?

I nGné 4, tugtar eolas do na rannpháirtithe faoi bheith ag obair le daoine óga.



Torthaí Foghlama

Maidir leis na rannpháirtithe:

- Beidh siad ar an eolas faoi na príomhathruithe ar fhorbairt san ógántacht agus sa luath-aosacht.
- Beidh siad ar an eolas faoin tábhacht ríthábhachtach a bhaineann le caidreamh a chothú le daoine óga trí phróiseas na hoibre óige.
- Beidh tuiscint acu ar ról an oibrí dheonaigh i gcaidreamh a chothú le tuismitheoirí/ caomhnóirí
- Beidh siad ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le teorainneacha cuí i gcaidreamh idir oibrithe deonacha agus daoine óga.

Bileog Eolais 4.1

An Ógántacht agus Luath-Aosacht mar Chéimeanna Tábhachtacha Saoil

Tréimhsí aistrithe i saol daoine óga is ea an ógántacht (10 - 19 mbliana d'aois) agus luath-aosacht (20 - 24 bliain d'aois) agus iad ag bogadh i dtreo níos mó neamhspleáchais, lena n-áirítear ag aibiú ó leanbh go duine fásta, ag dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus an t-ardoideachas/oiliúint, ag bogadh ón oideachas isteach sa lucht saothair, ag tosú caidreamh rómánsúil agus bheith ina saoránaigh fhreagracha ghníomhacha. Le linn na tréimhse sin, téann daoine óga trí aibiú suntasach bitheolaíoch, síceolaíoch agus sóisialta, rud a mbíonn tionchar aige ar a bhféiniúlacht agus ar a gcaidreamh le piaraí, le baill den teaghlach agus leis an bpobal i gcoitinne.

Is iad seo a leanas roinnt athruithe tábhachtacha:

Caithreachas agus Gnéasacht Ógánach

Is é caithreachas, arb é an t-aistriú bitheolaíoch go dtí aibíocht choirp é, tús na hógántachta. Téann ógánaigh trí chaithreachas ag aoiseanna éagsúla, agus sroicheann cailíní aibíocht ghnéasach níos luaithe ná buachaillí den chuid is mó. Is mó seans go mbeidh tionchar diúltach ag forbairt choirp a tharlaíonn níos luaithe nó níos déanaí ná mar is inmhianaithe ar fhéinmheas agus ar íomhá coirp duine óig.

Forbairt Chognaíoch
(An próiseas fáis agus athraithe i gcumais intleachtúla/ mheabhracha amhail smaointeoireacht, réasúnaíocht agus tuiscint)

Tarlaíonn forbairt thapa inchinne leis an gcaithreachas a mbíonn tionchar aici ar chumais chognaíocha agus suimeanna daoine óga. Le linn na hógántachta, tosaíonn smaointeoireacht daoine óga ag forbairt chun go mbeidh siad ábalta coincheapa teibí (fadhbanna a réiteach, pleananna a dhéanamh agus spriocanna a shocrú) a thuiscint ar bhealach níos fearr. Mar sin féin, bíonn claonadh ag ógánaigh freisin patrúin

smaointeoireachta idéalaíocha féinlárnacha (leithleacha) agus soineanta a bheith acu, áibhéil a dhéanamh faoi fhreagairtí daoine eile dá a n-iompraíocht agus a gcinntí a bhunú ar thuairimí neamhréadúla faoina dtodhchaí.

Caidreamh Sóisialta (m.sh. caidreamh le cairde, le baill den teaghlach, le comharsana, le daoine le húdarás)

Tugtar tús áite don chaidreamh idir phiaraí, agus cé go bhfuil tábhacht fós leis an gcaidreamh le tuismitheoirí, d'fhéadfadh easaontú teacht chun cinn sa chaidreamh idir an tuismitheoir agus an leanbh. Chomh maith leis sin, bíonn caidreamh dearfach le daoine fásta eile ón bpobal ina thoisc chosanta thábhachtach d'fhorbairt ógánach.

Méadú ar Dhul san Fhiontar

Tá méadú ar ríogacht (an claonadh gníomhú gan smaoineamh) agus dul san fhiontar ina ghné de chuid na hógánachta , rud a bhféadfadh drochthorthaí amhail mí-úsáid substaintí agus iompar frithshóisialta a bheith mar thoradh air. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag pearsantacht, forbairtí bhealaí na hinchinne, chomh maith leis an bhfonn dul i gcion ar phiaraí ar an ríogacht sin.

Féiniúlacht agus Féin-choincheap (Cé mé féin agus cad é atá ionam – an íomhá atá againn dínn féin)

Is tréimhse í an ógántacht ina dtosaíonn daoine ag forbairt tuisceana ar cé hiad féin agus ar an gceangal atá acu lena bpobal agus leis an tsochaí i gcoitinne. Tá cur síos déanta air mar thréimhse géarchéime féiniúlachta i gcomparáid le mearbhall róil. Sa luathógántacht (10-14 bliana d'aois), féachann daoine óga le smaointe, mothúcháin agus prionsabail a fhorbairt nach féidir iad a bhlaiseadh go díreach ach ar fhéiniúlacht fhíor fhiúntach ghrúpabhunaithe iad le piaraí mar sin féin, agus sa lár-ógántacht (15-18 mbliana d'aois), tosaíonn daoine óga ag fáil amach a luachanna pearsanta agus a bhféiniúlacht aonair. Sa luath-aosacht (20-24

bliain d'aois), aistríonn daoine óga go dtí aosacht neamhspleách agus comhtháthaíonn siad róil shóisialta éagsúla i bhféiniúlacht chomhtháite. D'fhéadfadh níos mó deacrachtaí a bheith ag daoine óga ó ghrúpaí de bhunadh mionlaigh eitnigh maidir le féiniúlacht dhearfach a chruthú mar gheall ar roinnt coimhlintí idir cultúir phríomhshrutha agus cultúir mhionlaigh.

Forbairt Moráltachta agus Luachanna (Conas a smaoiníonn daoine ar cad atá ceart agus cad atá mícheart)

Forbraíonn réasúnaíocht mhorálta agus an cumas breathnú ar chásanna ó dhearcadh daoine eile le linn na hógántachta freisin. Tá sé tábhachtach go dtacófaí le forbairt na réasúnaíochta morálta, ós rud é go bhfuil baint dhearfach aici le hiompar prósóisialta agus go bhfuil baint dhiúltach aici le hiompar frithshóisialta. Tá baint ag réasúnaíocht mhorálta fheabhsaithe leis an deis saincheisteanna morálta a phlé le daoine fásta.

Achoimre

Tarlaíonn athruithe ar an dóigh a smaoiníonn daoine óga, an dóigh a n-iompraíonn siad iad féin agus an dóigh a mothaíonn siad fúthu féin, faoi dhaoine eile agus faoin domhan mór leis an gcaithreachas agus na hathruithe fisiciúla a tharlaíonn le linn na hógántachta. Fágann sé sin gur tréimhse thráthúil í an ógántacht chun scileanna sóisialta, cognaíocha agus mothúchánacha a neartú agus iompraíochtaí sláintiúla a chothú a mbeidh tionchar dearfach fadtéarmach acu ar shaol daoine óga suas go dtí an aosacht.

(Oiriúnaithe ó Réamhrá maidir le Cur Chun Cinn na Meabhairshláinte, Aonad 1, Ollscoil na Gaillimhe).

Bileog Eolais 4.2
Céimeanna i bhForbairt Ógánach

	LUATH 10-15 BLIANA D'AOIS	LÁR 14-17 MBLIANA D'AOIS	DÉANACH 16-19 MBLIANA D'AOIS
Fáis an choirp	• Feictear tréithe gnéis tánaisteacha • Sroicheann fás tapa buaicphointe	• Tagann tréithe gnéis tánaisteacha chun tosaigh • Moillíonn an fás • Beidh thart ar 95% d'fhás duine fásta bainte amach aige/aici	• Aibithe go fisiceach
Fás na hinchinne (an choirtéis réamhthosaigh)		• Fásann an inchinn • Tionchar ar scileanna sóisialta agus réitigh fadhbanna	
Cognaíocht (an cumas eolas a fháil trí smaoineamh ar bhealaí éagsúla)	• Úsáideann sé/sí smaointeoireacht choincréiteach ('anois díreach') • Ní thuigeann sé/sí conas a bheidh toradh ar ghníomh reatha amach anseo	• Is féidir leis an smaointeoireacht a bheith níos teibí (teoiriciúil) ach téann sí ar ais go smaointeoireacht choincréiteach faoi strus • Tá tuiscint níos fearr aige/aici ar thorthaí a g(h)níomhartha féin • Thar a bheith féinghafa	• Tá an chuid is mó den smaointeoireacht teibí anois • Déanann sé/sí pleananna don todhchaí • Tuigeann sé/sí an tionchar a bhíonn ag roghanna agus cinntí a ndéantar anois ar an todhchaí
Síceolaíoch agus sóisialta	• Caitheann sé/sí am ag smaoineamh ar fhás tapa coirp agus ar íomhá coirp (conas a bhreathnaíonn daoine eile orthu) • Athruithe rialta ar ghiúmar	• Cruthaíonn sé/sí a (h)íomhá coirp • Bíonn sé/sí ag smaoineamh go mór ar bhrionglóidí neamhphraiticiúla nó dodhéanta • Mothaíonn sé/sí an-chumhachtach • Baineann sé/sí triail as rudaí amhail gnéas, drugaí, cairde, rioscaí	• Pleanálann agus leanann sé/sí spriocanna fadtéarmacha • Bíonn sé/sí ar a s(h)uaimhneas lena (h)íomhá coirp féin de ghnáth • Tuigeann sé/sí an ceart ón mícheart (go morálta agus go heiticiúil)
Teaghlach	• Bíonn sé/sí ag streachailt le rialacha faoi neamhspleáchas/ spleáchas • Bíonn sé/sí ag argóint agus bíonn sé/sí easumhal	• Bíonn sé/sí ag argóint le daoine a bhfuil údarás acu	• Aistríonn sé/sí ó chaidreamh idir leanbh agus tuismitheoir/ caomhnóir go caidreamh níos cothroime idir beirt dhuine fhásta
Piarghrúpa	• Tábhachtach dá bhforbairt • Dianchairdeas leis an inscne chéanna • Teagmháil le daoine den inscne eile i ngrúpaí	• Cairdeas láidir le piaraí • Is é an piarghrúpa an rud is tábhachtaí agus is é a shocraíonn iompraíocht	• Níl an oiread sin tionchair ag piaraí ar chinntí/ luachanna anois i gcomparáid le cairdeas aonair • Rogha páirtí bunaithe ar rogha an duine aonair seachas cad a cheapann daoine eile
Gnéasacht	• Féin-iniúchadh agus meastóireacht	• Cruthaíonn sé/sí caidrimh sheasmhacha	• Caidreamh collaí de chomhthoil agus cothrom

Bileog eolais
(ar lean)



Acmhainn
Úsáideach

https://generationeurope.org/wp-content/uploads/2023/02/Booklet-3-Sharing-4-Caring.pdf

Bileog Eolais 4.3

Forbairt inchinne luathdhéagóirí agus déagóirí: Na Bunrudaí.

Tagann borradh ollmhór fáis ar inchinn leanaí nuair a bhíonn siad an-óg. Faoin am a mbíonn siad 6 bliana d'aois, bíonn a n-inchinn thart ar 90-95% de mhéid inchinne daoine fásta cheana féin. Tá na luathbhlianta ina dtréimhse ríthábhachtach d'fhorbairt na hinchinne, ach teastaíonn go leor athmhúnlaithe ón inchinn fós sula bhféadfaidh sí feidhmiú mar inchinn duine fhásta. Tarlaíonn an t-athmhúnlú inchinne sin go dian le linn na hógántachta, agus leanann sé sin ar aghaidh go dtí go mbíonn an duine óg i lár na 20idí. Braitheann athrú na hinchinne ar aois, taithí agus athruithe hormónacha le linn caithreachais.

Taobh Istigh d'Inchinn Luathdhéagóirí agus Déagóirí

Is é an príomhathrú go ndéantar naisc neamhúsáidte i smaointeoireacht agus próiseáil inchinn an linbh (ar a dtugtar an t-ábhar liath) a 'ghearradh' ar shiúl. Ag an am céanna, neartaítear naisc eile san inchinn (an t-ábhar bán). Is é sin bealach na hinchinne chun bheith níos éifeachtaí, bunaithe ar an bprionsabal 'bain úsáid as nó caill é'.

Tosaíonn an próiseas gearrtha seo i gcúl na hinchinne. Is é cuid tosaigh na hinchinne, an choirtéis réamhthosaigh, an chuid is deireanaí ar a ndéantar athmhúnlú. Is í an choirtéis réamhthosaigh an chuid den inchinn ina ndéantar cinntí. Tá sí freagrach as cumas duine óig pleanáil agus smaoineamh ar iarmhairtí gníomhaíochtaí, fadhbanna a réiteach agus spadhair a rialú. Leanann athruithe ar an gcuid sin den inchinn ar aghaidh go dtí an luath-aosacht.

Mar go bhfuil an choirtéis réamhthosaigh fós ag forbairt, d'fhéadfadh luathdhéagóirí agus

déagóirí brath ar chuid den inchinn ar a dtugtar an t-amagdala chun cinntí a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach níos mó ná mar a dhéanann daoine fásta. Tá baint ag an amagdala le mothúcháin, spadhair, iompar bagrach agus iompar instinneach.

Ar thug tú faoi deara go mbíonn cuma sách aibí ar smaointeoireacht agus ar iompraíocht duine óig uaireanta, ach ag amanna eile is cosúil go n-iompraíonn siad iad féin nó go smaoiníonn siad ar bhealaí neamhloighciúla, spadhrúla nó mothúchánacha? Míníonn forbairt ó chúl go tosach na hinchinne na hathruithe agus an bogadh sin. Tá an duine óg ag obair le hinchinn atá fós á forbairt.

Tacú le hInchinn Shláintiúil Luathdhéagóirí agus Déagóirí

Bíonn tionchar ag an meascán d'inchinn uathúil duine óig agus a t(h)impeallacht ar an dóigh a ngníomhaíonn, a smaoiníonn agus a mothaíonn siad. Mar shampla, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí agus scileanna is ansa le duine óig a bheith 'cruashreangaithe' san inchinn.

Tá an Dóigh a gCaitheann Luathdhéagóirí agus Déagóirí a gcuid Ama Ríthábhachtach d'Fhorbairt na hinchinne

Mar sin, is fiú smaoineamh ar an réimse gníomhaíochtaí agus eispéireas a bhfuil suim ag daoine óga iontu – mar shampla, ceol, spórt, staidéar, teangacha, físchluichí. Cén tionchar atá acu sin ar an gcineál inchinne a bheidh ag daoine óga nuair a bheidh siad ina ndaoine fásta?

Straitéisí Iompraíochta Dearfaí le haghaidh Forbairt Inchinne Luathdhéagóirí agus Déagóirí

Agus inchinn duine óig ag forbairt, b'fhéidir go ndéanfadh siad an méid seo a leanas:

- gníomhaíochtaí ardriosca nó iompar contúirteach a roghnú.
- níos mó mothúchán agus mothúcháin níos láidre a chur in iúl.
- cinntí spadhrúla a dhéanamh.

Roinnt Leideanna chun Iompraíocht Dhearfach a Spreagadh agus Naisc Dhearfacha san Inchinn a Neartú

- Tacaigh le daoine óga le bealaí nua a aimsiú lena gcuid mothúchán a chur in iúl agus a bhainistiú, go háirithe má tá mothúcháin nua nó láidre acu. Ceapann luathdhéagóirí agus déagóirí go bhfuil spórt a imirt nó a choimhéad, nó ceol, scríobh agus foirmeacha ealaíne eile ina mbealaí maithe.
- Tacaigh le cinnteoireacht daoine óga. Labhair faoi roghanna féideartha agus a n-iarmhairtí. Spreag iad chun iarmhairtí nó luach saothair dearfach a mheas i gcoinne cinn dhiúltacha.
- Cuir teorainneacha ar fáil, chomh maith le deiseanna chun na teorainneacha sin a chaibidliú (amhail nuair atá conarthaí grúpa á bhforbairt). Teastaíonn treoir agus socruithe teorainneacha ó dhaoine óga óna dtuismitheoirí agus ó dhaoine fásta suntasacha ina saol.
- Tabhair moladh agus luach saothair go minic as iompraíocht dhearfach. Neartaíonn sé sin conairí in inchinn an duine óig.
- Bí i do rólchuspa dearfach. Taispeánfaidh d'iompraíocht do dhaoine óga an iompraíocht atá tábhachtach i do chlub/ghrúpa.
- Nuair a bhítear oscailte agus cairdiúil, is féidir cuidiú le daoine óga a mbealach a dhéanamh tríd an gcéim sin ina saol.

Straitéisí Smaointeoireachta le haghaidh Forbairt Inchinne Luathdhéagóirí agus Déagóirí

Ciallaíonn fás agus forbairt na hinchinne le linn na mblianta sin go dtosóidh daoine óga ag déanamh na nithe seo a leanas:

- smaoineamh ar bhealach níos loighciúla
- smaoineamh ar rudaí ar bhealach níos teibí agus a thuiscint nach mbíonn saincheisteanna simplí i gcónaí
- leideanna mothúchánacha daoine eile a aithint níos mó

- fadhbanna casta a réiteach ar bhealach loighciúil, agus fadhbanna a fheiceáil ó dhearcthaí éagsúla
- iarmhairtí fadtéarmacha a roghanna agus a ngníomhaíochtaí a thuiscint.

Is féidir leat **tacú le forbairt smaointeoireachta daoine óga** leis na straitéisí seo a leanas:

- Spreag comhbhá. Labhair faoi mhothúcháin – do chuid féin, mothúcháin an duine óig agus mothúcháin daoine eile. Cuir i dtábhacht go mbíonn go leor dearcthaí agus cúinsí éagsúla ag daoine. Cuir i bhfios go láidir gur féidir le gníomhaíocht amháin tionchar a imirt ar go leor daoine.
- Cuir béim ar iarmhairtí láithreacha agus fadtéarmacha gníomhaíochtaí. Tá an chuid den inchinn atá freagrach as smaointeoireacht sa todhchaí (an choirtéis réamhthosaigh) fós ag forbairt. Má labhraíonn tú faoin dóigh a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí duine óig ar an am i láthair agus an todhchaí, is féidir leat cuidiú le forbairt shláintiúil a gcoirtéise réamhthosaigh.
- Déan iarracht do leibhéal teanga a mheaitseáil le leibhéal tuisceana an duine óig. Chun eolas tábhachtach a fháil, is féidir leat a sheiceáil ar thuig an duine óg trína iarraidh orthu a insint duit ina bhfocail féin cad a chuala siad.
- Cuidigh leis an duine óg scileanna cinnteoireachta agus réitigh fadhbanna a fhorbairt. D'fhéadfadh ceannairí agus daoine óga oibriú le chéile trí phróiseas a bhaineann le fadhbanna a shainiú, roghanna a liostáil, agus torthaí a mheas a mbeidh gach duine sásta leo. Tá sé tábhachtach freisin na scileanna sin a rólmhúnlú.

(Oiriúnaithe ó raisingchildren.net.au)

Bileog Eolais 4.4

Ról an Oibrí Dheonaigh i gCaidreamh a Chothú le Daoine Óga

Is duine aonair gach duine óg a bhfuil a c(h)umas uathúil féin aige/aici. Is féidir le hobair óige cuidiú le duine óg a c(h)áilíochtaí, a t(h)allann agus a s(h)uimeanna uathúla a fháil amach. I measc na gceisteanna a chuideoidh le hoibrithe deonacha níos mó a fhoghlaim faoi na daoine óga tá rudaí amhail:

- Cad atá ar eolas agat faoi shuimeanna agus faoi bhuanna na ndaoine óga a bhfuil tú ag obair leo?
- Conas is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi shuimeanna agus faoi bhuanna daoine óga?

Aithne a Chur ar na Daoine Óga

Tá sé an-tábhachtach go gcaithfidh ceannairí am ag cur aithne ar na daoine óga ina ngrúpaí. Agus aithne á cur ag daoine óga ar na ceannairí, méadaíonn a leibhéal muiníne. Seo roinnt bealaí chun caidreamh a chothú:

- Glac páirt i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí le daoine óga – nuair is iomchuí
- Socraigh deiseanna le comhrá a dhéanamh
- Oibrigh leis na daoine óga i ngrúpaí beaga
- Spreag na daoine óga atá leis an gclub/ngrúpa ar feadh tréimhse níos faide chun gníomhú mar mheantóirí do bhaill nua.

Bileog Eolais 4.5

Teorainneacha sa Chaidreamh le Daoine Óga

Chun caidreamh sábháilte agus cuí a chothú idir ceannairí fásta agus daoine óga, ní mór d'oibrithe deonacha a ról a iniúchadh agus machnamh a dhéanamh ar na teorainneacha lena ndéantar idirdhealú idir a bheith 'cairdiúil' seachas a bheith i do 'chara'.

Tá sé riachtanach go nglacfaidh gach oibrí deonach páirt in oiliúint maidir le cumhdach agus cosaint leanaí, inar cheart ionchur a chuimsiú maidir le teorainneacha cuí idir ceannairí agus daoine óga agus úsáid a bhaint as

Áirítear ar chumhdach tábhachtach:

Cód Iompair.

- Ba chóir teorainneacha idir ceannairí agus daoine óga a iniúchadh agus a shoiléiriú do chách
- Cumarsáid a dhéanamh le daoine óga trí ghuthán club/grúpa nó na meáin shóisialta, agus ní trí chuntais phearsanta
- Ba chóir iompar an suíomh óige agus uaidh a bhainistiú go sábháilte
- Beirt cheannairí fásta ar a laghad i láthair i gcónaí agus cóimheasa cuí do gach grúpa.

Bileog Eolais 4.6

Caidreamh a Chothú le Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Ba chóir go dtosódh an próiseas cumarsáide le tuismitheoirí/caomhnóirí ag tús thuras an duine óig leis an gclub/ngrúpa óige agus is féidir tógáil air de réir mar a rachaidh an duine óg sin ar aghaidh, más cuí. Nuair a ghlacann duine óg páirt i ngrúpa, ba chóir go gcuirfí a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí ar an eolas faoin dóigh a n-oibríonn an grúpa agus conas agus cad is féidir leo a bheith ag súil leis i dtéarmaí cumarsáide ón ngrúpa i ndáil lena leanbh agus le gníomhaíochtaí an ghrúpa. Ba chóir go gcuirfí ar an eolas iad freisin faoi na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa ghrúpa (m.sh. beartas frithbhulaíochta, na meáin shóisialta, nósanna imeachta chun déileáil le hiompraíocht shuaiteach/dhúshlánach) chomh maith le beartas agus nósanna imeachta na heagraíochta/an ghrúpa i ndáil le cumhdach agus cosaint leanaí.

D'fhéadfadh na leideanna seo a leanas a bheith úsáideach:

- Ba chóir go mbeadh gach duine ar an eolas faoin muinín a chuireann tuismitheoirí/caomhnóirí iontu
- Cinntigh go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi bheartais agus nósanna imeachta na heagraíochta/an ghrúpa, go háirithe maidir le cumhdach agus cosaint leanaí (lena n-áirítear an Ráiteas um Chosaint Leanaí)
- Cinntigh go mbeidh deiseanna ag tuismitheoirí/caomhnóirí aon sonraí ábhartha nó tábhachtacha faoina leanbh a roinnt m.sh. sláinte, roghanna, riachtanais bhreise, cúinsí teaghlaigh, srl.
- Cinntigh go gcuirtear aon doiciméid ábhartha ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí, lena n-áirítear foirmeacha toilithe, sonraí faoi thurais, srl.

- Bain úsáid as deiseanna ar líne agus as líne chun éachtaí an chlub/an ghrúpa/an tionscadail a chur ar taispeáint
- Cuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi aon timpistí nó teagmhais agus conas a tharla siad
- Féach le haon saincheisteanna nó ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí/caomhnóirí a réiteach de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn
- Má thagann saincheist dheacair nó míthuiscint chun cinn le tuismitheoir/caomhnóir, féach ar nós imeachta gearán na heagraíochta.

(Oiriúnaithe ón gCód Eitice agus Dea-Chleachtas: Cumann Gasóg na hÉireann)

CLEACHTADH

4A

Cleachtadh

Caidreamh Dearfach Iontaofa a Chothú le Daoine Óga

Aidhm an Chleachtaidh

Cuidiú leis na rannpháirtithe iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir leo caidreamh dearfach agus iontaofa a chothú le daoine óga agus aon bhacainní a d'fhéadfadh a bheith rompu a shainaithint.

Treoracha

Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, iarrann an t-oiliúnóir ar na rannpháirtithe smaoineamh ar an gcaidreamh a bheidh acu leis na daoine óga a mbeidh siad ag obair leo. Iarr ar na rannpháirtithe plé a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Cad iad na tréithe a bhaineann le caidreamh dearfach agus iontaofa?
- Conas is féidir leo aghaidh a thabhairt ar aithne a chur ar na daoine óga – cad atá oiriúnach agus cad nach bhfuil?
- Conas a chuirfidh na daoine óga aithne orthu – cad atá oiriúnach agus cad nach bhfuil?
- Cad a d'fhéadfadh cuidiú leis an bpróiseas sin agus cad a d'fhéadfadh bac a chur air maidir le caidreamh a chothú le daoine óga ina gcomhthéacs/timpeallacht ar leith?

Treoracha (ar lean)

Éascaíonn an t-oiliúnóir aiseolas agus plé, ag féachaint ar na bileoga eolais ábhartha:

- Bileog Eolais 4.1 Ógántacht agus Luath-Aosacht mar Chéimeanna Tábhachtacha Saoil
- Bileog Eolais 4.2 Céimeanna i bhForbairt Ógánach
- Bileog Eolais 4.3 Ról an Oibrí Dheonaigh i gCaidreamh a Chothú le Daoine Óga
- Bileog Eolais 4.4 Teorainneacha sa Chaidreamh le Daoine Óga

Ba chóir don oiliúnóir tagairt a dhéanamh freisin d'aon phointí ábhartha i gCód Iompair na heagraíochta agus d'aon doiciméid/bheartais ábhartha eile.

CLEACHTADH
4B

Cleachtadh

Iniúchadh a Dhéanamh ar Inchinn Ógánach

Aidhm an Chleachtaidh

Cuidiú leis na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina bhfuil inchinn an ógánaigh ag forbairt agus ar an tionchar atá aige sin.

Treoracha

Cuireann an t-oiliúnóir trí leathanach i gcoirnéil éagsúla den seomra oiliúna:

- ceann leis an gceannteideal AONTAÍM
- ceann leis an gceannteideal EASAONTAÍM agus
- ceann leis an gceannteideal NÍL A FHIOS AGAM.

Insíonn an t-oiliúnóir do na rannpháirtithe go léifidh siad roinnt ráiteas amach faoi dhaoine óga agus forbairt na hinchinne agus iarrann sé/sí orthu ansin dul go dtí an coirnéal ábhartha den seomra ag brath ar cad a cheapann siad faoin ráiteas, .i.e. an aontaíonn siad leis, an easaontaíonn siad leis nó nach bhfuil a fhios acu faoi.

I ndiaidh gach ráitis, agus nuair a bheidh a bhfreagra roghnaithe ag na rannpháirtithe, éascaíonn an t-oiliúnóir plé maidir lena gcuid smaointe ar an ráiteas lena mbaineann.

Má tá an cleachtadh seo á dhéanamh agat ar líne, is féidir leat ordóg suas nó síos a úsáid le haghaidh aontú nó easaontú.

Nóta: Tá roinnt eolas fíorasach breise i ngach ráiteas ar féidir leis an oiliúnóir leas a bhaint as mar chuid den phlé.

Tá an rogha ag na rannpháirtithe freisin a seasamh a athrú le linn an phlé freisin, más mian leo.

Treoracha (ar lean)

Ráiteas 1. Tá inchinn an duine fásta go hiomlán faoi 6 bliana d'aois.

Bíonn 95% d'inchinn an duine fásta faoi 6 bliana d'aois. Is é an pointe criticiúil anseo go mbíonn an inchinn fós ag forbairt go dtí tús na 20idí. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach plé a dhéanamh ar an tionchar atá aige sin i dtimpeallacht an chlub. Is iad na príomhphointí nach féidir linn ionchais daoine fásta a bheith againn ó dhéagóirí nuair nach bhfuil na codanna tábhachtacha sin den inchinn forbartha go fóill. Tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gceannaire maidir leis sin nuair a thuigimid go bhfuil cuidiú de dhíth ar an déagóir le scileanna nach bhfuil aige/aici cheana féin.

Ráiteas 2. Téann déagóirí san fhiontar mar gheall ar na daoine a mbíonn siad ag crochadh thart leo.

Tá go leor cúinsí le plé anseo gur féidir leis an bpiarghrúpa a mbíonn daoine óga páirteach ann tionchar a imirt orthu maidir le dul san fhiontar ACH go bhfuil an cathú dul san fhiontar fréamhaithe san inchinn cheana féin ag an gcéim sin den fhorbairt agus nach é an t-aon chúis é. D'fhéadfaí an píosa sin a fhorbairt tuilleadh agus iompraíocht dhúshlánach á plé agus tacú le rannpháirtithe a thuiscint nach bhfuil roinnt iompraíochtaí mar thoradh ar mhailís, ach seachas sin go mbíonn fíormhianta spadhrúla ag an ógánach a dtéann sé/sí san fhiontar san ógántacht mar thoradh orthu.

Ráiteas 3. Tá sé ríthábhachtach go mbainfí triail as rudaí san ógántacht óir ní fhoghlaimeoidh tú an scil sin choíche.

Déantar gearradh ar chodanna den inchinn le linn na hógántachta agus beidh tionchar aige sin ar chodanna den inchinn nach bhfuil á húsáid. Chun na críche sin, is céim "úsáid é nó caill é" é.

Treoracha (ar lean)

Mar sin, tá sé ríthábhachtach go mbainfí triail as rudaí nua le linn na céime sin den saol, amhail uirlis cheoil a sheinm, spórt a imirt, teanga a fhoghlaim, srl. Tá seans beagnach 50% ann go leanfar le gníomhaíocht/scil/tasc má thosaítear iad le linn na hógánachta. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach ceist a chur ar na rannpháirtithe cad chuige a bhfuil sé úsáideach é sin a bheith ar eolas acu. Is féidir é a cheangal ar ais leis an bhfealsúnacht maidir le bheith níos diongbháilte agus níos mó a thriail.

Ráiteas 4. Bíonn daoine óga thar a bheith taghdach.

Is fearr is féidir é sin a thuiscint trí phlé a dhéanamh ar go bhfuil níos mó codlata ag teastáil ó dhaoine óga. Mar gheall air sin, mar aon leis an méadú ar hormóin, agus mar gheall go bhfuil athmhúnlú 10 mbliana á dhéanamh ar a n-inchinn, bíonn sé níos deacra dul a chodladh agus ansin níos deacra múscailt ansin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil go leor athruithe ag tarlú ag an am céanna. Dá bharr sin, bíonn sé níos deacra do dhaoine óga a gcuid mothúchán a rialú agus a smachtú, mar níl na scileanna go léir acu fós chun déanamh amhlaidh. Arís, is é an pointe is tábhachtaí anseo an tábhacht a bhaineann le gan ionchais daoine fásta a bheith agat ó dhaoine óga agus iarracht a dhéanamh cuimhneamh ar na píosaí tábhachtacha eolais sin agus muid ag iarraidh daoine óga a threorú, cuidiú leo agus meantóireacht a dhéanamh orthu.

Conclúid

TÁ LUASAIRE DEA-FHORBARTHA AG DÉAGÓIRÍ ACH NÍL ACU ACH COSCÁN ATÁ FORBARTHA GO PÁIRTEACH!

(Cleachtadh arna sholáthar ag Edel Mc Grath, Foróige)

Féadfaidh an t-oiliúnóir féachaint ar Bhileog Eolais 4.3: Forbairt inchinne luathdhéagóirí agus déagóirí. Na bunrudaí.

CLEACHTADH
4C



Cleachtadh

Teorainneacha sa Chaidreamh le Daoine Óga

Aidhm an Chleachtaidh

Cuidiú leis na rannpháirtithe teorainneacha sa chaidreamh le daoine óga a iniúchadh agus machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le sárú na dteorainneacha sin (laistigh den Chód Iompair).

Treoracha

Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, soláthraíonn an t-oiliúnóir cóip den chás seo a leanas agus na ceisteanna a ghabhann leis do gach grúpa:

Cás:
Faigheann tú amach go bhfuil Pat, oibrí deonach eile, ag seoladh téacs chuig roinnt daoine óga ón gclub agus go bhfacthas é ag crochadh thart leo ag an deireadh seachtaine.

1. Céard é do fhreagra ar an gcás sin?
2. Cad iad na fadhbanna sa chás sin?
3. An bhfuil aon imní ort faoi seo?
4. Cad a dhéanfá mar fhreagairt don chás sin dá dtiocfá trasna air sa ‘saol mar atá’?

Éascaíonn an t-oiliúnóir aiseolas agus plé, ag féachaint ar bheartas na heagraíochta (go háirithe an Cód Iompair) agus ba chóir dó/di a chinntiú go dtuigfidh na rannpháirtithe na saincheisteanna agus na hábhair imní sa chás

Treoracha (ar lean)

sin go soiléir, agus go dtuigfidh siad cad ba cheart dóibh a dhéanamh mar fhreagairt dó sin go soiléir freisin.

Is féidir leis an oiliúnóir leas a bhaint as Bileog Eolais 4.5 Teorainneacha sa chaidreamh le daoine óga.

Ba chóir na rannpháirtithe a spreagadh chun caidreamh a chothú le daoine óga, ach a chinntiú go ndéanfaidh siad amhlaidh ar bhealach dearfach iomchuí.

CLEACHTADH
4D

Cleachtadh

Caidreamh a Chothú le Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Aidhm an Chleachtaidh

A chur ar chumas na rannpháirtithe an t-eolas riachtanach a theastaíonn ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ón gclub/ngrúpa i ndáil leis an duine óg a iniúchadh.

Treoracha

Agus na rannpháirtithe ag obair i ngrúpaí beaga, iarrann an cóitseálaí orthu na ceisteanna seo a leanas a phlé:

- Cad a bhíonn tuismitheoir/caomhnóir ag súil leis ón gclub/ngrúpa agus ó na hoibrithe deonacha?
- Cén t-eolas a theastaíonn ón tuismitheoir/gcaomhnóir ón gclub?
- Cad iad na bealaí éagsúla agus na bealaí is fearr chun an t-eolas sin a roinnt?
- Cad é an t-eolas riachtanach, dar leat, a theastaíonn ó chlubanna/ghrúpaí i ndáil leis na daoine óga atá ag glacadh páirt iontu?
- Cad é an bealach is fearr chun an t-eolas sin a fháil?

Éascaíonn an cóitseálaí aiseolas agus plé. Leagann an t-oiliúnóir béim ar an tábhacht a bhaineann leis an méid seo a leanas:

Treoracha (ar lean)

- Foirmeacha ballraíochta (lena n-áirítear eolas faoi aon riachtanais bhreise/eolas leighis ábhartha, srl. i ndáil leis an duine óg)
- Foirmeacha toilithe
- Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí
- An Cód Iompair
- Beartas frithbhulaíochta
- Beartas um ghearáin
- Aon eolas/doiciméid ábhartha eile

D'fhéadfadh an t-oiliúnóir leas a bhaint as Bileog Eolais 4.6 Caidreamh a Chothú le Tuismitheoirí/ Caomhnóirí.



Acmhainn Úsáideach

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig:

Ag Obair go Sábháilte i gClub Óige - Comhairle Náisiúnta na nÓg

GNÉ

05

Cén dóigh a ndéanaimid é?

National Youth Council of Ireland

GNÉ
05

Cén dóigh a ndéanaimid é?

I nGné 5, tugtar eolas do na rannpháirtithe faoi na praiticiúlachtaí lena mbaineann agus na scileanna a theastaíonn chun obair dheonach a dhéanamh i gclub/ngrúpa óige.



Torthaí Foghlama

Maidir leis na rannpháirtithe:

- Faigheann siad tuiscint ar choincheap rannpháirtíocht na n-óg
- Déanfaidh siad iniúchadh ar stíleanna agus scileanna ceannaireachta cuí agus iad ag obair go díreach le daoine óga
- Déanfaidh siad iniúchadh ar chuir chuige maidir le pleanáil bhunúsach clár
- Gheobhaidh siad leideanna ar obair ghrúpa
- Scrúdóidh siad na príomhghnéithe i measúnú riosca
- Beidh siad ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le scileanna cumarsáide éifeachtacha agus obair foirne
- Beidh siad ar an eolas faoi conas conradh grúpa a fhorbairt le daoine óga
- Aithneoidh siad conas freagairt d'iompraíocht dhúshlánach
- Déanfaidh siad iniúchadh ar choincheap na bulaíochta agus ar straitéisí chun í a chosc agus idirghabháil a dhéanamh.

Bileog Eolais 5.1

Rannpháirtíocht na nÓg

Sainmhínítear rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht mar ‘an próiseas trína mbíonn páirt ghníomhach agus fíorthionchar ag leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht maidir le cúrsaí a théann i gcion ar a saol, go díreach agus go hindíreach araon’. Tá an sainmhíniú sin ag teacht le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) agus le hAirteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

D'fhorbair an tOllamh Laura Lundy samhail rannpháirtíochta atá bunaithe ar an UNCRC agus atá dírithe ar chur chuige bunaithe ar chearta maidir le leanaí agus daoine óga a bheith páirteach i gcinnteoireacht.

Samhail Lundy

Leis an tsamhail sin, soláthraítear bealach chun cuidiú le hAirteagal 12 den UNCRC a choincheapú. Díríonn sí ar cheithre ghné ar leith, cé go bhfuil nasc eatarthu. Tá na ceithre ghné in ord croineolaíoch réasúnach.

Spás

Ní mór deiseanna sábháilte, cuimsitheacha a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga lena dtuairimí a chumadh agus a chur in iúl

Guth

Ní mór cuidiú le leanaí agus le daoine óga lena dtuairimí a chur in iúl

Spriocphobal

Ní mór éisteacht leis na tuairimí

Tionchar

Ní mór beart a dhéanamh de réir a dtuairimí, de réir mar is cuí



Plean Gníomhaíochta 2024-2028

Is é Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028 an dara plean náisiúnta chun tacú le leanaí agus daoine óga chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht:

https://www.gov.ie/en/publication/25fcf-participation-of-children-and-young-people-in-decision-making-action-plan-2024-2028/



Acmhainn Úsáideach

Féach ar an bhFíseán -

Modúl 2 - Rannpháirtíocht na nÓg agus Foghlaim Neamhfhoirmiúil - YouthWorkAndYou.org

Bileog Eolais 5.2

Cad a bhaineann agus nach mbaineann le Rannpháirtíocht

Cad a bhaineann léi

I ngníomh, ba cheart go mbeadh leanaí agus daoine óga páirteach i gcinnteoireacht i spásanna agus i gcásanna laethúla amhail timpeallachtaí luathfhoghlama agus cúraim, seomraí ranga, ospidéil agus clubanna chomh maith le forbairtí straitéiseacha, amhail beartais, cláir, seirbhísí, reachtaíocht agus taighde. Trí rannpháirtíocht leanaí i gcinnteoireacht a éascú, aithnítear a stádas mar shealbhóirí ceart agus dearbhaítear gur 'saoránaigh an lae inniu' iad seachas 'créatúir atá ag teacht chun bheith'. Tá saineolas suntasach ag daoine fásta faoi shaol leanaí agus daoine óga chomh maith, ach ní bhíonn a fhios acu i gcónaí conas a mhothaíonn leanaí, cad a cheapann siad nó cad is mian leo. Dá réir sin, tá sé tábhachtach do chinnteoirí fásta éisteacht le leanaí agus daoine óga agus aird chuí a thabhairt ar a dtuairimí.

Cad nach mbaineann léi

Tá roinnt míthuiscintí ann faoi rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, agus d'fhéadfaí srian a chur ar a rannpháirtíocht i gcinnteoireacht mar gheall ar roinnt acu. Le soiléiriú a thabhairt, ní hionann rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht agus:

- Cumhacht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga. Baineann sé le daoine fásta ag déanamh cinntí ar bhealaí lena gcuirtear leanaí agus daoine óga san áireamh a mhéid is féidir

- Ag creidiúint gurb iad leanaí agus daoine óga na saineolaithe amháin ar a saol féin – bíonn saineolas ag daoine fásta i saol leanaí agus daoine óga chomh maith agus is é an saineolas comhcheangailte sin a chuideoidh linn cinntí níos fearr a dhéanamh.
- Ligeann do leanaí agus do dhaoine óga rudaí a dhéanamh atá díobhálach nó contúirteach nó a sháraíonn a gcearta eile.

Má thugtar aird chuí ar thuairimí leanaí agus daoine óga, ní gá go gciallaíonn sé sin go dtugtar an méid a theastaíonn ó leanaí agus ó dhaoine óga dóibh i gcónaí. Bealach éifeachtach chun aird chuí a thabhairt ar thuairimí leanaí agus daoine óga is ea eolas a thabhairt dóibh a chuideoidh leo teacht ar sheasamh soiléir, meas a thabhairt ar a bhfuil uathu agus aitheantas a thabhairt dóibh, agus an cinneadh/na cinntí is sábháilte, is réadúla agus is fearr a phlé leo. Tá sé tábhachtach a bheith trédhearcach agus tú ag míniú cad is féidir a dhéanamh agus cad nach féidir a dhéanamh agus na cúiseanna a ndéantar cinntí.

Foinse

https://hubnanog.ie/wp-content/uploads/2023/06/5587-Child-Participation-Framework_report_LR_FINAL_Rev.pdf

Acmhainní Úsáideacha

https://hubnanog.ie/hear-our-voices/

https://hubnanog.ie/resources/toolkit-guidance/?_sft_post_tag=toolkits

Bileog Eolais 5.3

Cáilíochtaí i gCeannaireacht

Is iad seo a leanas na cáilíochtaí a bhaineann le ceannaire maith i gclub/ngrúpa óige:

- Cumarsáidí agus éisteoir maith
- Dearcadh dearfach i leith daoine óga
- Cruthaitheach agus réiteoir fadhbanna
- Foighneach agus cineálta
- Duine iontaofa ar féidir brath air/uirthi
- Comhsheasmhach
- Dóchasach
- Eagraithe
- Fuinniúil
- Solúbtha

Bileog Eolais 5.4

Stíleanna Ceannaireachta

Iompraíocht thacúil: Ard › / ‹ Íseal		
	TACÚIL Mol daoine óga, éist leo agus cuidigh leo	**CÓITSEÁIL** Daoine óga a threorú agus tacú leo
	CUMHACHT A THABHAIRT Roinn freagracht as cinnteoireacht le daoine óga nó tabhair an fhreagracht sin dóibh	**TREOIR A THABHAIRT** Struchtúr agus disciplín a chur ar fáil do dhaoine óga agus maoirseacht a dhéanamh orthu
	‹ Íseal	Iompraíocht treorach: Ard ›

Bileog Eolais 5.5

Pleanáil Cláir



Measúnú Riachtanas

Déanann daoine óga agus ceannairí, ag obair le chéile, measúnú riachtanas ina gcuirtear riachtanais agus leasanna na ndaoine óga san áireamh. Cuir san áireamh an aois, an inscne, an timpeallacht gheografach, na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu orthu, srl. Tá roinnt modheolaíochtaí éagsúla ann chun measúnú riachtanas a dhéanamh, lena n-áirítear plé neamhfhoirmiúil chun ceist a chur faoi riachtanais agus leasanna, nó grúpaí fócais níos foirmiúla ina gcuirtear líon beag ceisteanna ar na daoine óga. D'fhéadfaí ceistneoirí gairide, SurveyMonkey nó boscaí moltaí a úsáid freisin.

Pleanáil

Cinneadh a dhéanamh maidir leis na riachtanais/leasanna tosaíochta agus teacht ar chomhaontú maidir le haidhmeanna agus cuspóirí an chláir. Clár a dhearadh a fhreastalaíonn ar na leasanna/riachtanais sin,

agus a chuireann san áireamh na hacmhainní agus an acmhainn atá ar fáil don ghrúpa. Go bunúsach, baineann sé sin le cé, cad, cathain agus conas clár a eagrú a aithint.

Cur chun Feidhme

Cuir an plean i ngníomh, agus déan monatóireacht ar an dul chun cinn de réir mar a fhorbraíonn sé. Cinntigh go mbeidh daoine óga i gcroílár an phróisis i gcónaí.

Meas agus Déan Machnamh

Tagann ceannairí agus daoine óga le chéile agus sainaithníonn siad an méid atá foghlamtha ón eispéireas, is é sin, cad a d'oibrigh, cad nár oibrigh agus cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach difriúil. Tá sé tábhachtach go gcuideofaí le daoine óga chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid eispéireas. Tá a mbealaí féin ag eagraíochtaí chun é sin a dhéanamh, lena n-áirítear grúpaí plé, ceistneoirí, SurveyMonkey, réimse aghaidheanna, srl.

Tá coincheap rannpháirtíocht na hóige ríthábhachtach ar fud an phróisis.

Cuimhnigh, go bhféadfadh torthaí gan choinne a bheith mar thoradh ar an eispéireas in obair óige, rud a d'fhéadfadh tarlú gan fhios mura dtarraingítear aird orthu. Fiú i gcás nach mbeadh na cuspóirí bainte amach fós, is féidir leis an gceacht bonn eolais a chur faoi obair amach anseo.

Cé gur cheart go mbeadh cláir oibre óige taitneamhach agus suimiúil do dhaoine óga, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na ceannairí go bhfuil an cur chuige agus na luachanna a thugann na ceannairí don chlár chomh tábhachtach céanna leis an gclár féin. 'Tá an dóigh a ndéanann tú é chomh tábhachtach céanna leis an rud a dhéanann tú'

Ceisteanna Tábhachtacha do Chláir

Cinntigh go bhfuil daoine óga i gcroílár an phróisis pleanála agus cinnteoireachta clár

- Bí cruthaitheach / taiscéalaíoch / nuálach
- Bí réalaíoch - cad is féidir a bhaint amach?
- Smaoinigh ar na hacmhainní atá ar fáil (daoine, am, cistí, spás, acmhainn)
- Aithin cad atá ag obair agus nach bhfuil ag obair
- Bain úsáid as an gceacht seo chun oiriúnú

Acmhainn Úsáideach

An Pacáiste Gníomhaíochta 'Feel Good'. Obair d'Ógra Éireann.

https://www.youthworkireland.ie/wp-content/uploads/2022/04/The-Feel-Good-Activity-Pack-Online-Version.pdf

Bileog Eolais 5.6

Roinnt Samplaí de Chláir

Is féidir cláir oibre óige a reáchtáil i réimse timpeallachtaí, ag baint úsáid as modheolaíochtaí agus acmhainní éagsúla, mar shampla:

- Cruthaitheacht agus Ealaíona na hÓige
- Obair bunaithe ar shaincheisteanna
- Obair Óige Dhomhanda
- Forbairt phearsanta
- Gníomhaíochas sóisialta
- Comhpháirteachas poiblí
- Topaicí sláinte agus cur chun cinn na sláinte
- Forbairt phearsanta
- Obair óige dhigiteach
- Spioradálta
- Oideachas allamuigh
- Obair le pobail shonracha daoine óga, m.sh. LADTAI+, daoine óga faoi mhíchumas, Taistealaithe óga, daoine óga ó phobail nua
- Imeachtaí pobail
- Turais lae agus turais chónaithe

Agus go leor eile

Bileog Eolais 5.7

Leideanna d'Obair Ghrúpa

Agus gníomhaíochtaí á reáchtáil le daoine óga, tá sé tábhachtach réimse scileanna agus modheolaíochtaí oibre grúpa a úsáid.

Leideanna maidir le Tobsmaointeoireacht

Is é cuspóir seisiúin tobsmaointeoireachta an oiread smaointe agus is féidir a ghiniúint faoi ábhar ar leith. Is é seo cás amháin ina bhfuil cainníocht níos fearr ná cáilíocht. Ar ndóigh, níor cheart go mbeadh na smaointe neamhábhartha, ach den chuid is mó, ní mheasfar go mbeidh smaoineamh ar bith ró-amaideach nó ródheacair chun críocha tobsmaointeoireachta.

Seo roinnt treoirlínte:

1. Sainmhínigh an topaic don tobsmaointeoireacht go soiléir. Ionas go mbeidh an seisiún spraíúil agus táirgiúil, ní mór duit a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach duine ar na rudaí a mbeidh siad ag giniúint smaointe fúthu.
2. Is maith an smaoineamh é roinnt rialacha bunúsacha a leagan síos, mar shampla:
   - Tá fáilte roimh gach smaoineamh
   - Gan aon cháineadh ná aiseolas diúltach faoi smaointe a chuirfear chun cinn
   - Tá fáilte roimh gach ceist
3. Is féidir smaointe a thaifeadadh ar chlár bán nó ar smeach-chairt – ní mór don cheannaire scríobh go soiléir – ní gá gach focal a thaifeadadh – ach na príomhsmaointe a ghabháil.
4. Ansin déan athbhreithniú ar na príomhsmaointe leis an ngrúpa, agus déan plé ar a bhfuil ábhartha agus réalaíoch agus déan roinnt cinntí i gcomhpháirtíocht leis na daoine

óga faoi na rudaí a thabharfar chun cinn ón seisiún tobsmaointeoireachta.

5. Ag deireadh aon seisiúin, sábháil am le haghaidh plé deiridh. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm agat clabhsúr a chur le gach rud a pléadh. Is féidir leat athbhreithniú a dhéanamh ar a ndearnadh agus aird a tharraingt ar aon smaointe tosaigh a comhaontaíodh. Ansin ba chóir duit achoimre a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile agus buíochas a ghabháil leis na daoine óga as a rannpháirtíocht.

Treoir maidir le Daoine Óga a Roinnt ina nGrúpaí Beaga

- Bíodh plean soiléir agat maidir le cé mhéad duine atá sa ghrúpa mór agus cé mhéad grúpa beag atá de dhíth ort.
- Is féidir leat a bheith randamach nó straitéiseach agus tú ag cinneadh conas na grúpaí a roinnt.
- Smaoinigh ar dhreamanna nó ar ghrúpaí seanbhunaithe a d'fhéadfadh leas a bhaint as dearcthaí nua.
- Bí cruthaitheach agus bíodh sé spraíúil, m.sh., stocaí gorma á gcaitheamh ag gach duine sa ghrúpa seo, má tá an litir 'e' i d'ainm seas anseo, srl.
- Cinntigh go bhfuil aird gach duine agat agus go bhfuil baill an ghrúpa ag éisteacht nuair atá treoracha á dtabhairt agat maidir lena roinnt ina ngrúpaí.

Leideanna maidir le hÉascaíocht a Dhéanamh ar Phlé Grúpa

- Smaoinigh ar an bplé grúpa agus bíodh smaoineamh soiléir agat ar an aidhm (feasacht a mhúscailt, tuairimí a iarraidh, comhthuiscint a bhaint amach, saincheist a réiteach, srl.)
- Spreag rannpháirtíocht ghníomhach agus smaoinigh ar na bealaí éagsúla inar féidir le daoine óga a bheith ar a suaimhneas maidir le páirt a ghlacadh.
- Smaoinigh ar an spás fisiceach atá ar fáil agus

ar an mbealach is fearr chun leagan amach an tseomra a shocrú chun compord agus rannpháirtíocht a chinntiú.
- Cuir ceisteanna oscailte géara lena n-iarrtar dearcthaí éagsúla.
- Faigh tuairim agus iarr eolas breise nó eolas soiléirithe. Mar shampla, cén fáth a gceapann tú go....? An bhfuil an ceart agam nuair a deirim go mothaíonn tú....?
- Tuig gur éisteoir gníomhach thú seachas rannpháirtí gníomhach atá i do ról mar éascaitheoir.
- Ag eatraimh, cuir cuspóir an phlé i gcuimhne don ghrúpa agus tarraing aird ar an ábhar arís, más gá.
- Tabhair aird ar chuidiú ó bhéal agus ar chomharthaíocht coirp na rannpháirtithe, rud ar chóir dó leibhéal rannpháirtíochta na rannpháirtithe a léiriú.
- Oiriúnaigh agus athraigh an fócas más gá de réir mar a rachaidh an plé ar aghaidh.
- Tacaigh leis an ngrúpa a sprioc a bhaint amach agus gabh buíochas le gach duine as a rannpháirtíocht.

Leideanna maidir le hÉascaíocht a Dhéanamh ar 'Dhíospóireachtaí Siúil'

An Aidhm agus an Cuspóir atá leis an Díospóireacht Siúil

Is é is aidhm agus is cuspóir chleachtaidh don díospóireacht siúil smaointeoireacht agus díospóireacht a spreagadh i ndáil le roinnt ráitis ullmhaithe ar ghnéithe éagsúla de shaincheist nó de thopaic.

Ionas go mbíonn rannpháirtithe ag dul i ngleic leis an tsaincheist nó an t-ábhar atá á phlé, tá sé tábhachtach go gcinntítear go bhfuil na ráitis ginearálta, leathan agus oscailte do léirmhíniú, gan aon chomhaontú ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile. Is dea-smaoineamh é triail a bhaint astu roimh ré.

Tugann an cóitseálaí na treoracha seo a leanas don ghrúpa:
Táim chun sraith ráiteas a léamh os ard. I ndiaidh dom gach ráiteas a léamh, glac nóiméad agus roghnaigh an aontaíonn nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas. Má aontaíonn tú leis an ráiteas, téigh chuig an taobh den seomra ina bhfuil an bhileog 'Aontaigh'.

Má easaontaíonn tú leis an ráiteas, téigh chuig an taobh den seomra ina bhfuil an bhileog 'Easaontaigh'.

Mura bhfuil tú cinnte, téigh go lár an tseomra ina bhfuil an bhileog 'Neamhchinnte'.

Tá na ráitis an-leathan agus ginearálta. Níl mé chun iad a mhíniú. Táim ag iarraidh go gcloíonn tú le do chéad smaoineamh in aghaidh gach céim. Níl aon fhreagra ceart nó mícheart i gceist. Is é aidhm an chleachtaidh ná plé agus díospóireacht a spreagadh.

Ansin éascaíonn an cóitseálaí plé i dtaobh gach ráiteas, i ndiaidh dó nó di na príomhphointí foghlama is mian leo béim a leagan orthu sa chleachtadh a shainaithint.

Leideanna maidir le Stiúradh Rólghlacadh

Cén fáth go dtabharfadh faoin rólghlacadh?
Is uirlis úsáideach é rólghlacadh le húsáid le daoine óga, agus d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach chun scileanna cumarsáide, fadhbréitigh agus foirne a fhorbairt.
Cén uair a dhéanfá rólghlacadh?
D'fhéadfadh rólghlacadh a bheith go háirithe úsáideach nuair atá saincheist á plé agus seans go mbeadh ar na daoine óga ról a ghlacadh agus dearcadh eile a mheas agus a thuiscint.

Céard is rólghlacadh ann?
Is éard atá i gceist le rólghlacadh ná go nglacann daoine óga róil éagsúla agus déanann siad aisteoireacht ar chásanna chun suíomhanna féideartha san fhíorshaol a ionsamhlú.

Áirítear i measc na gcéimeanna:

1. An cás a shainaithint.
2. Sonraí a chur leis chun suíomh féideartha a chruthú.
3. Róil a shannadh do rannpháirtithe.
4. Aisteoireacht a dhéanamh ar an suíomh féideartha.
5. Bí ar an eolas más gá an rólghlacadh a chur ar sos chun nóta trách ta/aiseolas a fháil ná má tá duine 'i bponc'.
6. Bí ar an eolas faoin uair gur cheart deireadh a chur leis an rólghlacadh – ní mór é a choinneáil gearr agus ábhartha.
7. Na rannpháirtithe a éascú chun an ról a bhaint díobh (fáil réidh leis an ról), agus é a mhioncheistiú nuair atá an rólghlacadh curtha i gcrích.
8. An méid atá foghlamtha a phlé.

Ní mór go gcuirfear timpeallacht shábháilte agus idirghníomhach ar fáil do dhaoine óga leis an rólghlacadh chun saincheist nó ábhar a phlé i mbealach spraíúil agus cruthaitheach.

Bileog Eolais 5.8

Treoir maidir le Measúnú Riosca Sláinte agus Sábháilteachta a Dhéanamh

Trí mheasúnú riosca a dhéanamh mar chuid den phleanáil chláir cumasaítear ceannairí chun aon riosca a shainaithint agus measúnú a dhéanamh air agus chun an rialú cuí a chur i bhfeidhm Is measúnuithe dinimiciúla agus leanúnacha iad measúnuithe riosca agus ní mór athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an rialú.

Go ginearálta, bíonn cúig chéim ag measúnú riosca:

1. Guaiseacha a shainaithint. Is éard is guais ann ná aon chúis díobhála, is riosca ann ná an seans, ard nó íseal, go ndéanfaí díobháil do dhuine éigin de bharr na guaise.
2. Aithin na daoine a bhféadfadh sé go ndearnadh díobháil dóibh agus cén chaoi. Smaoinigh ar ghrúpaí daoine a d'fhéadfadh a bheith i mbaol agus cén chaoi a bhféadfadh díobháil a dhéanamh orthu.
3. Déan anailís ar an riosca. Anois go bhfuil na guaiseacha suntasacha go léir sainaitheanta agat, smaoinigh ar an seans go bhféadfadh gach guais a bheith ina cúis díobhála agus déan dóchúlacht agus déine na guaise a mheas.
4. Cuir an plean i bhfeidhm. Cinntigh go bhfuil pleananna leanúnacha i bhfeidhm agus á gcur i bhfeidhm chun aon riosca a thagann chun cinn a láimhseáil.
5. Athbhreithnigh. Nuair atá an próiseas agus an plean á n-athbhreithniú, ní mór duit smaoineamh - An oibríonn sé? An raibh sé éifeachtach? An bhfuil sé cothrom le dáta? D'fhéadfadh cúinsí a athrú agus d'fhéadfadh sé go mbeadh uasghrádú an mheasúnaithe riosca de dhíth.

Moltar go ndéantar gach measúnú riosca a thaifeadadh i scríbhinn.

Bíonn an fhreagracht ag clubanna/grúpaí don óige as líon dóthanach ceannairí atá oilte chun cóireáil gharchabhrach a chur a chinntiú. Ba cheart go spreagtar ceannairí chun cleachtaí dóiteáin a dhéanamh faoi réir ag Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta na heagraíochta. Ní mór an cumhdach árachais atá ag an gclub/ngrúpa a chur san áireamh chomh maith.

Anuas air sin, d'fhéadfadh cuairt ón tseirbhís dóiteáin áitiúil a bheith ina bealach spraíúil agus oideachasúil chun na rioscaí a bhaineann le tine, le tinte ealaíne agus sábháilteacht tine go ginearálta a fhoghlaim.

Tabhair faoi deara go mbaineann an measúnú riosca ar a thagraítear san obair seo le Sláinte agus Sábháilteacht agus níor chóir é a mheascadh leis an measúnú riosca a bhaineann leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Nuair atá Measúnú Riosca á dhéanamh, sainaithnítear na Guaiseacha agus na Rioscaí. Déantar measúnú ar an Riosca [déine x dóchúlacht] agus leagtar amach an rialú.

Treoir maidir le Rátáil Mheasúnaithe:

Déine na Guaise	**Dealraitheacht (Dóchúlacht)**
Marfach/gan filleadh ar an stádas réamhghortaithe	Ard
Am saor ón obair nó ón scoil/ Idirghabháil leighis	Meán
Mionghortú	Íseal

Treoir maidir le Rátáil Mheasúnaithe:

Guais Fhéideartha	Cé atá i mbaol?	An dealraitheacht riosca	An rialú atá ann faoi láthair Céard atá á dhéanamh agat faoi láthair chun an riosca a rialú?	Gníomh de dhíth amach anseo chun an riosca a laghdú	Cé a dhéanfadh é agus cathain a dhéanfaidís é

Bileog Eolais 5.9

Cumarsáid agus Obair Foirne

Cumarsáid a dhéanamh go Soiléir

Is príomhghné i ról an oibrí dheonaigh é cumarsáid a dhéanamh go soiléir le daoine óga lena bhfuil siad ag obair, agus lena chéile chomh maith. Nuair atá oibrí deonach a dhéanann cumarsáid go dearfach le daoine óga, éascaítear na daoine óga chun iad féin a chur in iúl go hoscailte agus cuireann sé sin le timpeallacht oscailte agus sábháilteachta a chruthú.

Éisteacht

Uaireanta, d'fhéadfaimis a bheith neamhchinnte i dtaobh rud a rá le duine óg, ach go minic féachtar ar oibrí deonach mar dhuine fásta iontaofa i saol duine óig de bharr an cumas éisteachta atá acu. Is scil é a bheith in ann éisteacht le daoine óga agus tá sé tábhachtach go seachnaítear an mheancóg 'mise freisin' nuair a iarrtar bheith ag teacht leis an méid atá a chloisteáil, nó comhairle nach bhfuil call léi nó neamhthráthúil a thabhairt.

Ag Obair le Chéile chun Tacaíocht a Thabhairt Dá Chéile

Is gné agus láidreacht thábhachtach den Obair don Aos Óg é ceannairí ag obair le chéile, ag tacú lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.

Bileog Eolais 5.10

Saintréithe Foirne Éifeachtaí



Aithne a Chur ar a Chéile

I bhfoirne éifeachtúla, caitear am ag cur aithne ar a chéile agus na héagsúlachtaí i stíleanna, sa chur chuige, srl. a aithint. Cuireann sé sin le caoinfhulaingt agus le meas ar éagsúlachtaí. Nuair atá iontaoibh agus tacaíocht chomhchoiteann, spreagtar gach duine chun páirt ghníomhach a ghlacadh.

An Rannpháirtíocht a chur Chun Cinn

Ba cheart go gcuirfidh foireann éifeachtach Ceannairí Óige an rannpháirtíocht chun cinn sa chinnteoireacht agus díriú ar chomhaontú. Nuair a thagann fadhbanna chun cinn, tá sé tábhachtach go n-admhaíonn na ceannairí na fadhbanna agus go n-oibríonn siad le chéile chun iad a réiteach seachas an milleán a chur ar dhaoine eile. Má thagann coimhlint chun cinn, ba cheart í a admháil agus í a chíoradh go hoscailte.

Bileog Eolais 5.11

Conradh Grúpa a Fhorbairt

Is dea-smaoineamh é do ghrúpaí don aos óg conradh grúpa (nó bunrialacha) a bhunú lena leagtar amach an cineál iompraíochta lena bhfuiltear ag súil ag an ngrúpa don aos óg. Bíonn sé is éifeachtaí nuair a thagann na daoine óga agus na hoibrithe deonacha le chéile chun an t-ábhar a chomhaontú.

Céimeanna chun Conradh Grúpa a Fhorbairt leis an gClub/nGrúpa Óige

Is comhaontú é conradh grúpa idir na daoine óga agus na ceannairí faoin iompraíocht atá ceart go leor agus nach bhfuil ceart go leor agus iad ag freastal ar an gclub/ngrúpa.

1. Iarrtar ar gach duine smaoineamh ar an méid atá taitneamhach faoin gclub/ngrúpa agus conas ba cheart dóibh caitheamh le daoine eile agus an chaoi a bhfuil siad ag tnúth le go gcaitear orthu féin.
2. Plé a éascú Is féidir leideanna a thabhairt le smaoineamh fúthu, amhail – ar chóir do gach duine cabhrú leis an nglantachán, nó an obair na gceannairí é?
3. Is féidir leis na daoine óga a liosta féin a chruthú agus é a chur i láthair do na ceannairí.
4. Liostaigh gach rud a moladh agus déan athbhreithniú orthu.
5. Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach mír de réir mar a mholtar iad agus ná cuir ach smaointe ag a bhfuil comhaontú an ghrúpa san áireamh.
6. Pléigh agus socraigh ar an méid atá le déanamh má bhriseann duine éigin an comhaontú.
7. Iarr ar gach duine sa ghrúpa an comhaontú a shíniú.
8. Croch é i do spás/sheomra cruinnithe agus bíodh é le feiceáil le linn am an chlub.

Beidh éagsúlacht sa mhéid atá i gconradh grúpa ó ghrúpa go grúpa ach de ghnáth áirítear:

- Meas ar a chéile
- Bí ionchuimsitheach
- Caith le gach duine de réir is mian leat go gcaifear leat
- Déan cinnte gur spás sábháilte é do gach duine
- Bí tuisceanach nach mbíonn an chaint ina cúis mhasla nó bhuartha
- Bain sult as
- Tabhair aire don trealamh agus don fhoirgneamh. Má tá rud éigin briste nó damáiste, abair le ceannaire é
- Má tá tú chun imeacht ón áit, abair le ceannaire é
- Glac páirt agus bain triail as na gníomhaíochtaí (ach ní chuirfear brú ar aon duine mura bhfuil siad ag iarraidh gníomhaíocht a dhéanamh)
- Cosc ar bhulaíocht, ar throid, ar bhaisteachán nó ag mallachtach ar a chéile
- Má thugann tú faoi iompraíocht bhulaíochta nó má tá bulaíocht á déanamh ort, is féidir leat labhairt le duine de na ceannairí ina taobh. Éistfidh siad leat agus déanfaidh siad iarracht cabhrú leat
- Tá freagracht ag gach duine deireadh a chur le gortú duine nó duine atá curtha as mar gheall ar bhulaíocht. Abair le hoibrí má tá tú nó duine a bhfuil aithne agat orthu ag tabhairt faoi iompraíocht bhulaíochta nó má tá bulaíocht á déanamh orthu.

Tá cóip dá gconradh grúpa ar taispeáint ag go leor clubanna don aos óg, mar mheabhrúchán do dhaoine óga agus d'oibrithe deonacha. Tá sé tábhachtach chomh maith le cinntiú go bhfuil na daoine óga ar an eolas faoi agus go dtuigeann siad na hiarmhairtí a bhaineann le briseadh an chonartha grúpa.

Bileog Eolais 5.12

Iompraíocht Dhúshlánach a Thuiscint agus Aghaidh a Thabhairt Uirthi

Leis an Obair don Aos Óg, tacaítear le daoine óga cibé áit ina bhfuil siad. Uaireanta, ciallaíonn sé sin an gá le hiompraíocht dhúshlánach a thuiscint agus aghaidh a thabhairt uirthi. Tá sé tábhachtach le bheith íogaire maidir le cúiseanna na hiompraíochta agus bealaí a aimsiú chun srian a chur léi sa ghrúpa.

Céard is Iompraíocht Dhúshlánach ann?

D'fhéadfadh coimhlint idir dhaoine óga nó achrann le ceannairí don aos óg nó daoine a bhfuil údarás acu a bheith i gceist le hiompraíocht dhúshlánach. D'fhéadfadh sí a bheith gríosaitheach, bagrach agus/nó ina hábhar imní. D'fhéadfadh mothúcháin láidre a ghiniúint mar gheall ar na cásanna coimhlinte seo, cibé cúinsí.

Cúiseanna Iompraíochta Dúshlánaí

Ní tharlaíonn an iompraíocht dhúshlánach aisti féin – go minic bíonn cúiseanna taobh thiar di. Má tá an ceannaire ar an eolas faoi na cúiseanna féideartha taobh thiar de, is féidir leis nó léi comhbhá a bheith aige nó aici leis na daoine óga agus réitigh níos fiúntaí a aimsiú. Féach thíos le haghaidh roinnt cúiseanna féideartha taobh thiar d'iompraíocht dhúshlánach, mar aon le smaointe do chuir chuige fhiúntacha fhéideartha le haghaidh tacaíochta.

- Saincheisteanna pearsanta/leighis, amhail saincheisteanna meabhairshláinte, ag iarraidh aird a tharraingt, spreagadh íseal, leadrán, srl.
- Saincheisteanna grúpa, amhail brú piarghrúpa, clú, srl.
- Saincheisteanna teaghlaigh agus seachtracha, fadhbanna teaghlaigh agus pearsanta, freastal neamhrialta.

- Saincheisteanna le heagrú an ghrúpa óige, amhail neamhréireacht bainistíochta,
- Gníomhaíochtaí míchuí, luachanna ag teacht salach ar a chéile, srl.

Freagraí ar Iompraíocht Dhúshlánach

- Tacú le daoine óga go tuisceanach
- Oibriú laistigh de chód iompair do ghrúpa óige
- Caidrimh dhearfacha a chruthú & daoine óga a spreagadh
- Tacú le daoine óga chun páirt a ghlacadh, nuair is féidir
- Treoraigh na daoine óga chuig sainchomhairle sheachtrach chuí nó tacaíocht nuair is cuí
- Oibrigh le ceannairí agus oibrithe don aos óg le cumarsáid mhaith agus teachtaireacht chomhsheasmhach a chinntiú.

Aghaidh a Thabhairt ar Iompraíocht Dhúshlánach

Tá go leor bealaí ann chun cabhrú le srian a chur ar iompraíocht dhúshlánach:

- Caidrimh a chothabháil agus iontaoibh a chruthú trína bheith macánta, cothrom agus comhsheasmhach, agus féith an ghrinn ionat
- Comharthaíocht choirp dhearfach a fhorbairt, breathnú sa tsúil a choinneáil agus iarracht a dhéanamh an chuma go bhfuil tú ar do shuaimhneas, muiníneach, ceannasach agus teanntásach go stuama
- Bí ag faire amach d'iompraíocht dhearfach agus abair rud éigin faoi: d'fhéadfadh moladh a bheith lárnach agus meonta á n-athrú agus féinmheas a neartú
- Bí ar an eolas faoin méid a dhéanfaidh cás coimhlinte níos measa (ag sárú caint nó ag briseadh isteach, ag léiriú dímheasa nó ag tiontú na súl, agus ag teacht leis an ngiúmar trí fhreagairt ar fhearg le guth ardaithe leis an rud céanna)

Is féidir leat na Trí Chéim do Réiteach Coimhlinte a úsáid chomh maith:

1. **Éist leis an méid atá le rá ag an duine eile:** I gcásanna coimhlinte, is minic a bhíonn daoine ag sárú ar a chéile agus bíonn siad chomh dírithe sin ar an bpointe féin a dhéanamh nach gcloiseann siad i gceart an méid atá le rá ag an duine eile. Glac nóiméad chun díriú isteach agus déan iarracht cheart an méid atá á rá a thuiscint.

2. **Inis dóibh cén chaoi a mothaíonn tú agus céard a cheapann tú gur cheart a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach dar leat:** Bí teanntásach agus cuir baill an ghrúpa ar an eolas nach féidir aon choimhlint a réiteach nuair nach bhfuil gach páirtí réidh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb. Ní mór go mbíonn gach duine lena mbaineann an choimhlint in ann a dtuairim a chur in iúl.

3. **Réiteach atá sásúil don dá thaobh a shocrú:** Is é aidhm aon réiteach coimhlinte ná toradh ag a bhfuil bua ag gach duine atá páirteach. Bíonn comhréitigh riachtanach ach tá sé tábhachtach nach mothaíonn aon duine gur chaill siad amach.

Bileog Eolais 5.13

Bulaíocht

Sainmhíniú

Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar iompar bagrach arís agus arís eile – bíodh sé ó bhéal, síceolaíoch nó fisiceach – a dhéanann duine aonair nó grúpa ar dhaoine eile.
(Tús Áite do Leanaí, an Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017)

Cineálacha Bulaíochta

Tá go leor cineálacha éagsúla bulaíochta, lena n-áirítear na cineálacha seo a leanas:

1. An Bhulaíocht ó Bhéal. Is cineál bulaíochta é seo a tharlaíonn nuair a bhíonn bulaí ag tabhairt ainmneacha ort nó nuair a dheirtear rudaí gránna nó nimhneacha leat. D'fhéadfadh ionsaithe ó bhéal a bheith dírithe ar do chine, ar dhath do chraicinn nó ar do chreideamh chomh maith. Is foirm den bhulaíocht ó bhéal é ráflaí a scaipeadh chomh maith.

2. An Bhulaíocht Fhisiceach. Is cineál bulaíochta é sin ina mbíonn gach rud ó tharraingt ghruaige go buillí do dhorn agus ciceáil i gceist. Uaireanta d'fhéadfadh sé go gcreideann na daoine mórthimpeall go bhfuil tú féin agus an bulaí ag pleidhcíocht nó ag magadh, ach bíonn a fhios agat nach cluiche spraíúil atá i gceist ach oiread.

3. An Bhulaíocht Chomharthaí. Is cineál bulaíochta é seo nuair a bhíonn an bulaí ag stánadh/féachaint ort i mbealach bagrach nó úsáideann siad comharthaí bagracha i do threo.

4. An Bhulaíocht Eisiaimh. Is cineál bulaíochta é seo nuair a scarann an bulaí an t-íospartach amach ó dhaoine eile agus fágtar iad ar lár. Mar sin d'fhéadfá a bheith leat féin ag am lóin mar

cinntíonn an bulaí nach mbíonn ach beagán daoine ag labhairt leat. D'fhéadfadh tionchar uafásach a bheith aige sin ar do mhuinín agus ar d'fhéinmheas.

5. An Bhulaíocht Sracaidh. Is cineál bulaíochta é seo nuair a bhagraíonn an bulaí go ndéanfar thú a ghortú mura dhéanann tú an méid atá á rá acu. Mar sin d'fhéadfadh brú a bheith ort airgead, sealbha nó fiú do lón a thabhairt don bhulaí. D'fhéadfadh brú a chur ort sealúchas a ghoid fiú.

6. An Chibearbhulaíocht. Is cineál bulaíochta é seo nuair a dhéanann an bulaí ionsaí ort ar líne i bhfoirm ríomhphost bagrach, téacsanna bagracha agus/nó postálacha balla ionsaitheacha ar chuntais na meán sóisialta. (Foinse: Spunout)

Tá roinnt bealaí forbartha ag eagraíochtaí óige chun dul i ngleic leis an mbulaíocht. Tá an bhunaidhm acu go léir chun féinmheas agus féinmhuinín daoine óga a fhorbairt, trí mhuinín agus scileanna a chothú chun aghaidh a thabhairt ar aon choimhlint.

Tá roinnt straitéisí ann maidir leis an mbulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht i gclubanna/ngrúpaí óige mar seo a leanas:

Straitéisí Coisctheacha

Beartas Frithbhulaíochta a Cheapadh agus a Chur i bhFeidhm
Tá Beartais Frithbhulaíochta ag an gcuid is mó de chlubanna/ghrúpaí agus tá sé tábhachtach go mbíonn ceannairí agus daoine óga araon ar an eolas faoi na beartais sin. Féach ar Bheartas Frithbhulaíochta Samplach

Bí ina 'Chlub/Ghrúpa Inste'
Cuir gach duine ar an eolas má fheiceann siad éacht bulaíochta go bhfuil an fhreagracht orthu é a thuairisciú.

Neartú na Foirniúlachta
Deiseanna a chur ar fáil do gach duine sa chlub/ghrúpa, agus d'fhéadfadh nach mbeadh aithne mhaith acu ar a chéile, le hoibriú le chéile chun tascanna éagsúla (tascanna a d'fhéadfadh a bheith spraíúil agus/nó oideachasúil) a bhaint amach.

Cláir um Múscailt Feasachta/Oideachas
Teachtaireachtaí frithbhulaíochta a thabhairt do gach duine arís agus arís eile. Freastal ar cheardlanna/chláir oiliúna chun feasacht a chruthú agus a chothabháil faoi céard is bulaíocht ann agus conas is féidir í a chosc agus a láimhseáil, más gá.

Cód Iompair
Cinntigh go bhfuil cur amach ag gach duine ar an gcód iompair agus faoi céard is iompar glactha/inghlactha, mar aon leis na hiarmhairtí atá ann má sháraítear an cód.

Straitéisí Idirghabhála chun Aghaidh a Thabhairt ar an mBulaíocht

- Cinntigh go bhfuil gach duine eolach faoin conas agus le cén duine is féidir éacht bulaíochta a thuairisciú
- Úsáid a bhaint as idirghabháil
- Úsáid a bhaint as cleachtas athchóiritheach
- Straitéisí amhail 'An Cur Chuige Gan Mhilleán' a chur i bhfeidhm
- Iarmhairtí a chur i bhfeidhm amhail pribhléidí amhail turais a dhiúltú
- Tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas / a chur san áireamh más gá
- Tacú le daoine fianaiseacha (Daoine a fheiceann an bhulaíocht a spreagadh chun labhairt faoi agus chun éirí go mór le duine sprice na bulaíochta).

Acmhainn Úsáideach

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig:

https://antibullyingcentre.ie/

https://www.belongto.org/support-for-me/advice/bullying/

https://www.barnardos.ie/resources/young-people/bullying/

Bileog Eolais 5.14

Cleachtas Athchóiritheach

An Cúlra a bhaineann le Cleachtas Athchóiritheach

Sainmhíníodh an cleachtas athchóiritheach (RP) mar eolaíocht shóisialta ar a dhéantar staidéar ar an gcaoi chun caidrimh idir daoine agus i measc pobal a fheabhsú agus a athchóiriú. Is é an aidhm ná pobail shláintiúla a chruthú, caipiteal sóisialta a mhéadú, coireacht agus iompraíocht fhrithshóisialta a laghdú, díobháil a athchóiriú agus caidrimh a athbhunú (Wachtel, 2013).

I gcomhthéacs na hÉireann, tá Cleachtais Athchóiritheacha sainmhínithe ag an Tionscnamh Forbartha don Óige (CDI) i dTamhlacht mar "thacar scileanna bunaithe ar fhianaise lena gcabhraítear le heagraíochtaí agus pobail láidre agus shona a fhorbairt agus a chothú trí chaidrimh mhaithe a fhorbairt go gníomhach, cosc a chur ar ghéarú coimhlinte agus coimhlint agus éagóir a láimhseáil i mbealach atá cruthaitheach agus sláintiúil". Bíonn an cleachtas athchóiritheach ag teacht leis an gceartas aisiríoch, sa mhéid gurb ionann an aidhm agus caidrimh shláintiúla a chruthú agus a chothú ach, neamhchosúil leis an gceartas aisiríoch, lena ndéantar iarracht caidrimh dhamáiste a athchóiriú, is é aidhm an chleachtais athchóirithigh i suíomh pobail ná caidrimh shláintiúla a chruthú sula dtarlaíonn aon díobháil.

Sé Cheist maidir le Cleachtas Athchóiritheach

Is cleachtóir athchóiritheach idirnáisiúnta é Terry O'Connell, ar a dtugtar athair an chleachtais athchóirithigh go minic, ón Astráil a bhí ina gharda ar feadh breis agus tríocha bliain. D'fhorbair sé na sé cheist athchóiritheacha lena gcruthaítear cnámh droma an chuid is mó den chleachtas RP.

1. Céard a tharla? (faisnéis faoin gcúlra)
2. Céard a bhí tú ag ceapadh ag an am sin? (faisnéis faoin gcultúr)
3. Céard a cheap tú ó shin? (comhtháthú faisnéise)
4. Cé hiad na daoine ar a imríonn tionchar mar gheall ar an méid atá déanta agat? Cén chaoi? (gaolmhaireacht)
5. Cén chaoi gurbh fhéidir é a dhéanamh i mbealach éagsúil? (Comhtháthú faisnéise)
6. Céard is gá duit a dhéanamh chun gach rud a chur ina cheart, dar leat? (gaolmhaireacht)

Dar le O'Connell, is modheolaíocht chumhachtach é an cleachtas athchóiritheach a úsáideann prionsabail Shócraitéacha chun ceistiú éascaitheach agus cumarsáid mhachnamhach a spreagadh. Tríd an gcleachtas, tugtar creat daonlathach atá tacúil don dá thaobh do gach úsáideoir chun comhrá gan bhreith nó gan mhilleán a spreagadh.

Foinse agus Acmhainn Úsáideach

https://www.belvedereyouthclub.ie/restorative-practice/

CLEACHTADH
5A

Cleachtadh

Iniúchadh a Dhéanamh ar Choincheap Rannpháirtíocht na nÓg i ndáil le Pleanáil Clár

Aidhm an Chleachtaidh

Iniúchadh a dhéanamh ar choincheap Rannpháirtíocht na nÓg i ndáil le pleanáil clár.

Treoracha

Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, scaipeann an cóitseálaí an cás-staidéar seo a leanas, leis na ceisteanna a ghabhann leis, do gach grúpa.

Cás-staidéar

Tá tús téarma nua buailte sa Chlub Óige, agus tá clár ceithre seachtaine eagraithe ag na ceannairí bunaithe ar an mbulaíocht, agus an drámaíocht mar mhodheolaíocht. Tá go leor ama agus iarrachta curtha isteach acu agus tá siad an-bhródúil as an obair atá déanta acu.

I ndiaidh dóibh ábhar an chláir a insint leis na daoine óga, tugann siad easpa díograise agus suime an ghrúpa faoi deara. Tosaíonn roinnt de na daoine óga ag ligean osna astu agus ag gearán go raibh an t-ábhar 'déanta ar scoil acu cheana féin'.

Beartaíonn na ceannairí neamhaird a thabhairt do fhreagra na ndaoine óga agus leanúint ar aghaidh leis an bplean.

Treoracha (ar lean)

1. Céard é do fhreagra ar an gcás-staidéar seo?
2. Céard is na saincheisteanna atá ann?
3. Céard a cheapann tú faoi chur chuige na gceannairí óige?
4. Céard a cheapann tú faoi fhreagraí na ndaoine óga?
5. Cén chaoi a bhféadfar an cás seo a sheachaint?
6. Céard atá le foghlaim ón gcás-staidéar?
7. Cén chaoi gur chóir don phleanáil chlár a eagrú?

Éascaíonn an cóitseálaí aiseolas agus plé, lena leagtar béim ar an tábhachtach a bhaineann le rannpháirtíocht na ndaoine óga sa phróiseas ón tús (rannpháirtíocht óige).

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as na bileoga eolais seo a leanas:

- Bileog eolais 5.1 Rannpháirtíocht na nÓg
- Bileog eolais 5.2 Céard atá i gceist leis Rannpháirtíocht agus nach bhfuil i gceist
- Bileog eolais 5.5 Pleanáil Chláir

CLEACHTADH
5B

Cleachtadh

Rannpháirtíocht na nÓg faoi Lán Seoil – Seicliosta do Spásanna Coitianta

Aidhm an Chleachtaidh

Iniúchadh a dhéanamh ar choincheap rannpháirtíocht na n-óg faoi lán seoil.

Treoracha

Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, agus an seicliosta thíos á úsáid, iarrann an t-oiliúnóir ar na rannpháirtithe na ceisteanna a úsáid chun an chaoi a bhfuil siad/a dtabharfaidh siad faoi rannpháirtíocht na ndaoine óga in gclub/ngrúpa a shainaithint, m.sh. sa phleanáil chlár, measúnú, comhaontuithe grúpa, beartais inmheánacha srl.

Éascaíonn an cóitseálaí aiseolas agus plé, agus cuireann sé béim ar na prionsabail a bhaineann le rannpháirtíocht na nÓg agus an chaoi is féidir iad a chur i bhfeidhm.

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as na bileoga eolais seo a leanas:

- Bileog eolais 5.1 Rannpháirtíocht na nÓg
- Bileog eolais 5.2 Céard atá i gceist leis Rannpháirtíocht agus nach bhfuil i gceist

Seicliosta do Spásanna Laethúla

Dearadh an seicliosta seo mar threoir chun cabhrú leat lena chinntiú go mbíonn guth ag leanaí agus ag daoine óga sa chinnteoireacht. Is féidir é a chur i bhfeidhm i go leor suíomhanna laethúla, lena n-áirítear an seomra ranga, an t-ospidéal, an suíomh cúraim leanaí, na seirbhísí do leanaí agus d'ógánaigh, sa chlub óige agus spóirt, tionscadail óige, tionscnaimh ealaíon agus chruthaitheacha agus i spásanna eile.

Cinntigh go bhfuil na bealaí ina gcuireann tú leanaí agus daoine óga san áireamh sa chinnteoireacht oiriúnach ó thaobh aoise de agus inrochtana do gach duine, cibé acu i láthair go pearsanta nó ar líne.



CLEACHTADH
5C

Cleachtadh

Ceannairí inár Saol

Aidhm an Chleachtaidh

Chun deis a chur ar fáil do rannpháirtithe na cáilíochtaí a bhaineann le ceannaire maith a phlé.

Treoracha

Iarrann an cóitseálaí ar gach rannpháirtí smaoineamh ar dhuine fásta (nach bhfuil sa teaghlach acu) ina saol ag a raibh tionchar dearfach orthu mar leanbh/dhuine óg. Ansin, iarrann an cóitseálaí orthu smaoineamh ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Céard a rinne siad?

2. Conas a mhothaigh tú ina thaobh?

3. Cén fáth go raibh tionchar aige ort?

Ansin iarrann an cóitseálaí más mian le haon duine a n-eispéiris dhearfacha de cheannairí ina saol a chur ar fáil. Leagann an t-oiliúnóir béim ar an tábhacht go mbíonn réimse scileanna agus cáilíochtaí ag ceannairí agus go bhféadfadh ceannaire an ról mar 'dhuine fásta maith' a bheith acu i saol duine óig (chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig https://jigsaw.ie/what-does-one-good-adult-mean/)

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as na bileoga eolais seo a leanas:

- Bileog eolais 5.3 Cáilíochtaí i gCeannaireacht
- Bileog eolais 5.4 Stíleanna Ceannaireachta

CLEACHTADH
5D

Cleachtadh

Iniúchadh a dhéanamh ar Shaintréithe na Ceannaireachta

Aidhm an Chleachtaidh

Iniúchadh a dhéanamh ar shaintréithe na ceannaireachta.

Treoracha

Agus iad ag oibriú i ngrúpaí beaga, iarrann an cóitseálaí ar na rannpháirtithe imlíne de dhuine a tharraingt, agus smaoineamh a dhéanamh ar thréithe ceannaire lena sainaithneodh DAOINE ÓGA mar ghnéithe tábhachtacha agus iad a tharraingt ar an imlíne.

Spreagtar na rannpháirtithe chun smaoineamh ar cheannairí a imríonn tionchar ar dhaoine óga agus na tréithe dearfacha atá mealltach dóibh.

Éascaíonn an cóitseálaí aiseolas agus plé, ina dtagraítear réimse tréithe ceannaireachta.

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as na bileoga eolais seo a leanas:

- Bileog eolais 5.3 Cáilíochtaí i gCeannaireacht.
- Bileog eolais 5.4 Stíleanna Ceannaireachta.

CLEACHTADH
5E

Cleachtadh

Pleanáil Cláir

Aidhm an Chleachtaidh	An coincheap agus an cleachtadh measúnaithe riachtanas agus pleanála cláir a chur in iúl do na rannpháirtithe.
Treoracha Cuid 1	Agus na rannpháirtithe ag obair i ngrúpaí beaga, iarrann an cóitseálaí orthu smaoineamh ar an méid seo a leanas: Cuireadh club/grúpa nua don óige ar bun. Bhí an grúpa ag cur aithne ar a gcéile agus anois tá siad le féachaint ar an gclár do na seachtainí amach rompu. Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, iarrann an cóitseálaí ar na rannpháirtithe an chaoi a n-aimseoidh siad riachtanais/suimeanna na ndaoine óga a phlé? (measúnú riachtanas)
Treoracha Cuid 2	Iarrann an cóitseálaí ar na rannpháirtithe plean cláir a fhorbairt (i gcomhar leis na daoine óga) agus ceann amháin de na cásanna ábhartha thíos á úsáid.
Cás 1	Tá Oíche Shamhna ag druidim agus tugadh deontas €1,000.00 do do chlub.
Cás 2	Tá sibh le dul ar thuras chun deireadh an téarma a cheiliúradh.

Cás 3

Tugadh cuireadh do do chlub chun páirt a ghlacadh i gcomórtas chun feasacht áitiúil maidir le ceartas aeráide agus inbhuanaitheacht a mhúscailt.

Cás 4

Léirigh roinnt de na daoine óga suim i 'rap' agus damhsa.

Treoracha (ar lean)

Tugann an cóitseálaí na ceisteanna seo a leanas do gach grúpa:

- Cén chaoi a dtabharfaidh tú faoi chlár a phleanáil sa chás seo?
- Céard iad na tosca a chuirfidh tú san áireamh agus tú i mbun pleanála don chlár seo?
- Cén chaoi a gcuirfidh tú an clár seo i bhfeidhm?
- Cén chaoi a ndéanfaidh tú an clár seo a mheas?

Ní mór don chóitseálaí a chinntiú go ndearna na rannpháirtithe na torthaí oideachasúla, acmhainneacht, acmhainní, cistiú, srl. a mheas. Ní mór don chóitseálaí béim a leagan ar ról lárnach na ndaoine óga ag gach céim den phróiseas pleanála.

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as na bileoga eolais seo a leanas:

- Bileog eolais 5.1 Rannpháirtíocht na nÓg
- Bileog eolais 5.2 Céard atá i gceist leis Rannpháirtíocht agus nach bhfuil i gceist
- Bileog eolais 5.5 Pleanáil Chláir

CLEACHTADH
5F

Cleachtadh

Measúnú Riosca a dhéanamh ar an Láthair agus lasmuigh den Láthair

Aidhm an Chleachtaidh

Taithí phraiticiúil a thabhairt do rannpháirtithe chun guaiseacha féideartha ina gclub/ngrúpa agus/nó ar thuras mar aon le rialú agus gníomhartha amach anseo a shainaithint.

Treoracha

Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, sannann an cóitseálaí na tascanna seo a leanas ar ghrúpaí de réir mar is ábhartha:

Grúpa 1
Smaoinigh ar sheisiún atá beartaithe d'oíche spórt ar siúl an chéad mhí eile sa halla spóirt agus líon isteach an teimpléad don mheasúnú riosca atá curtha ar fáil.

Grúpa 2
Smaoinigh ar do thuras go dtí an phictiúrlann ag deireadh na míosa agus líon isteach an teimpléad don mheasúnú riosca atá curtha ar fáil.

Grúpa 3
Smaoinigh ar fhoirgneamh an chlub/ghrúpa a úsáideann tú agus líon isteach an teimpléad don mheasúnú riosca atá curtha ar fáil.

Treoracha (ar lean)

Éascaíonn an cóitseálaí aiseolas agus plé agus leagtar béim ar roinnt príomhrioscaí agus an rialú agus na gníomhartha a bhaineann leo.

D'fhéadfadh an méid seo a bheith i roinnt samplaí:

- Guaiseacha maidir le hiompar chuig agus ón áit
- Sciorradh, tuisle agus titim – agus gortuithe eile
- Dul ar bord agus tuirling ó fheithiclí ag an áit/ gceann scríbe
- Daoine óga ag imeacht ón áit/imeacht gan chomhaontú
- Iompraíocht na ndaoine óga ina cúis cur isteach / riosca gortaithe
- Ailléirgí bia nó aon shaincheist eile a bhaineann le cúrsaí leighis
- Nimhiú bia mar gheall ar dhrochshláinteachas
- Tarluithe aimsire agus na saincheisteanna a bhaineann leo amhail stoirmeacha, griandó, srl.

Anuas air sin, seans go roghnóidh cóitseálaithe measúnú riosca na heagraíochta agus an plean a ghabhann leis a úsáid mar bhonn taca don phlé.

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as Bileog Eolais 5.8 Treoir maidir le Measúnú Riosca Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh.

CLEACHTADH
5G

Cleachtadh

Scileanna Cumarsáide

Aidhm an Chleachtaidh

An deis a thabhairt do rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar a scileanna cumarsáide.

Treoracha

Iarrann an cóitseálaí ar gach duine an Cleachtadh Féinmhachnaimh maidir le Scileanna Cumarsáide a líonadh Ansin iarrann an cóitseálaí ar na rannpháirtithe gan a gcleachtadh a chomhroinnt ach iarrtar ar an ngrúpa ar an iomlán machnamh a dhéanamh faoin méid a thug siad faoi deara nuair a bhí an cleachtadh ar bun acu.

Éascaíonn an cóitseálaí plé faoin ról atá againn go léir chun cumarsáid éifeachtach i ngrúpaí don aos óg a chinntiú, agus tugtar aird ar na príomhphointí foghlama.

D'fhéadfadh an t-oiliúnóir leas a bhaint as Bileog Eolais 5.9 Cumarsáid agus Obair Foirne.

Treoracha (ar lean)

	Riamh	Uaireanta	I gCónaí
Éiríonn go maith liom mo phointe a chur in iúl go héasca agus mé ag labhairt			
Éiríonn go maith liom aire a thabhairt ar an teanga neamhbhriathartha/ ar an gcomharthaíocht coirp i ndaoine eile			
Tá muinín agam as bheith ag labhairt os comhair grúpaí móra			
Táim suáilceach, oscailte agus cairdiúil			
Bím teanntásach má mhothaím go láidir i dtaobh rud éigin			
Táim tuisceanach agus lách			
Bím meas agam ar dhearcthaí eile fiú sa chás nach n-aontaím leo			
Is féidir liom a bheith stuama nuair atá duine ag béiceadh orm			
Tá an cumas agam mo mhodh cumarsáide a athrú go héasca nuair is gá			

CLEACHTADH
5H

Cleachtadh

Ag Obair i bhFoirne

Aidhm an Chleachtaidh

Na rannpháirtithe a éascú chun an choincheap maidir le hobair foirne a thuiscint.

Treoracha

Roinneann an cóitseálaí an grúpa ina thrí fhoireann agus iarrtar ar gach grúpa ceannaire a ainmniú. Ansin tugann an cóitseálaí cleachtadh do na foirne le déanamh ó cheann amháin de na roghanna seo a leanas:

1. Iarr ar an ngrúpa iad féin a eagrú i líne, gan labhairt lena chéile, de réir na míonna inar rugadh iad, m.sh. na daoine a rugadh in Eanáir ag tús na líne agus na daoine a rugadh i Nollaig ag an deireadh.
2. Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, ní mór do gach grúpa liosta a chur le chéile de nithe a bheadh úsáideach chun teacht slán ar oileán tréigthe agus ansin ní mór dóibh, mar ghrúpa, trí cinn de na nithe sin a roghnú.
3. Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, tugann an cóitseálaí réimse ábhar (páipéar, glae, sreangán, srl.) do gach grúpa Treoraítear gach grúpa chun eitleán nó roicéad a thógáil, agus ní mór go bhfuil sé in ann taisteal trasna an tseomra go neamhspleách.

Treoracha (ar lean)

Nuair atá an cleachtadh críochnaithe, cuireann an cóitseálaí na ceisteanna seo a leanas ar na grúpaí:

- Céard iad eispéiris an ghrúpa leis an ngníomhaíocht?
- Conas a bhí an t-eispéireas don cheannaire a ainmníodh?
- Conas a bhí an t-eispéireas do na baill eile den fhoireann?
- Céard a bhí ina chúnamh don fhoireann?
- Céard a bhí ina chonstaic don fhoireann?
- Céard é an toradh foghlama ón ngníomhaíocht seo maidir le hobair foirne?
- Conas is féidir an toradh foghlama a chur i bhfeidhm ar oibrithe deonacha atá ag obair le chéile mar fhoireann rathúil i gclub/dtionscadal?

Éascaíonn an t-oiliúnóir aiseolas agus plé, agus tugtar na príomhphointí foghlama faoi deara.

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as na bileoga eolais seo a leanas:

- Bileog Eolais 5.9 Cumarsáid agus Obair Foirne
- Bileog Eolais 5.10 Saintréithe Foirne Éifeachtaí.

CLEACHTADH

51

Cleachtadh

An Fhoghlaim a chur i nGníomh – Aghaidh a thabhairt ar choimhlint idir daoine óga

Aidhm an Chleachtaidh

Na rannpháirtithe a spreagadh le smaoineamh faoi na freagraí féideartha ar éagsúlacht chásanna ina mbíonn coimhlint i gceist.

Treoracha

Ag na daoine óga ag obair i ngrúpaí beaga, tugann an cóitseálaí cás ó na roghanna thíos do gach grúpa.

Cás 1

Tosaíonn argóint idir bheirt dhaoine óga, ní fhaca tú cén chaoi ar thosaigh sí nó ar a bhfuil sí bunaithe. Géaraíonn an argóint go tapa agus bíonn siad ag béiceadh agus ag tabhairt ainmneacha ar a chéile.

Cás 2

Tá achrann ar siúl sa chlub idir bheirt chailíní sa ghrúpa, agus deir na daoine óga eile leat gur thosaigh sé níos luaithe sa lá ar scoil. Tá na cailíní suaite agus ag cur an milleán ar a chéile. Níl siad ag iarraidh páirt a ghlacadh in aon cheann de na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus anois tá teannas mór sa ghrúpa dá bharr.

Cás 3

Tá ball nua den chlub ó chúlra mionlaigh eitnigh i ndiaidh ballraíocht a ghlacadh sa chlub. Níl aithne aige ar aon duine sa ghrúpa. Cloiseann tú roinnt ball den chlub ag labhairt faoi agus teanga chiníoch á úsáid acu. Tá imní ort anois ó thaobh a shábháilteachta de.

Cás 4

Le linn cleachtaidh don léiriú drámaíochta, tá tú ann nuair a thosaíonn roinnt buachaillí ag úsáid maslaí homafóbacha faoi bheirt de na buachaillí eile sa ghrúpa.

Treoracha (ar lean)

Iarrann an cóitseálaí ar gach grúpa na ceisteanna seo a leanas a phlé agus na príomhfhreagraí a thaifeadadh.

- Cén chaoi ba cheart don oibrí deonach freagairt ar an gcás?
- Céard ba cheart don oibrí deonach a dhéanamh chun an cás a réiteach?
- Cén chaoi a bhféadfadh na daoine óga atá páirteach sa chás ag mothú?
- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar na daoine óga atá ann sa chás?
- An bhfuil aon rud is féidir a dhéanamh chun an dóchúlacht go dtarlódh cás mar sin arís amach anseo a laghdú?

Éascaíonn an cóitseálaí aiseolas agus plé. Ba cheart go leagann an cóitseálaí béim ar aon bheartas nó nós imeachta ábhartha amhail an Conradh Grúpa, an Beartas Frithbhulaíochta, an Beartas um Ionchuimsiú agus Éagsúlacht. Ba cheart go leagann an cóitseálaí béim ar aon oiliúint, acmhainní agus tacaíocht eagraíochtúil ábhartha sa bhreis chomh maith.

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as na bileoga eolais seo a leanas:

- 5.11 Conradh Grúpa a Fhorbairt
- 5.12 Iompraíocht Dhúshlánach a Thuiscint agus Aghaidh a Thabhairt Uirthi
- 5.13 Bulaíocht
- 5.14 Cleachtas Athchóiritheach

CLEACHTADH
5J

Cleachtadh

An Cleachtadh a Chur i nGníomh: Coimhlint idir Cheannairí a Bhainistiú

Aidhm an Chleachtaidh

Cásanna a bhaineann le coimhlint idir cheannairí a phlé agus bealaí chun na saincheisteanna sin a sheachaint/aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint.

Treoracha

Cuireann an cóitseálaí na rannpháirtithe i ngrúpaí níos lú agus scaiptear cóipeanna de na cásanna a roghnaíodh agus na ceisteanna a bhaineann leo.

Cás 1

Cloiseann Mary, oibrí deonach, de thaisme oibrí deonach eile, John, sa seomra béal dorais ag tabhairt íde béil dá hiníon ar 12 bhliain d'aois a fhreastalaíonn ar ghrúpa eile, mar bhain sí úsáid as drochtheanga. Éiríonn Mary an-chorraithe agus pléascann sí isteach sa seomra agus tosaíonn sí i gcoinne John, os comhair na ndaoine óga, maidir lena theagmháil lena hiníon.

Cás 2

Iarrann ceannaire deonach, John, ar dhuine óg, Dean, chun cabhrú leis an phraiseach atá déanta ag Dean i seomra na gcluichí a ghlanadh. Tugann an duine óg neamhaird don iarratas agus téann sé amach chun peil a imirt. Téann John ina dhiaidh agus iarrann sé air arís chun cabhrú leis an nglantachán. Tá oibrí deonach eile, Seán, i mbun réiteoireachta ar an gcluiche agus deir sé gur féidir le Dean fanacht ann agus an chuid eile den chluiche a imirt. Insíonn John do Sheán nach mór do Dean foghlaim faoi fhreagracht, deir Seán do John 'tóg go bog é agus lig do Dean sos a ghlacadh'.

Cás 3

Tá deireadh oíche gnóthaí druidte ag an gclub óige agus tá na hoibrithe deonacha go léir tuirseach agus ag iarraidh dul abhaile. Gabhann Siobhán a leithscéal nach féidir léi fanacht don ghlantachán mar tá uirthi dul abhaile chuig a páistí, agus tá sé ag éirí déanach. Deir Peter gur tuismitheoirí iad go léir agus go bhfuil ar gach duine lámh cúnta a thabhairt. Éiríonn Siobhán suaite agus deir sí leis na ceannairí eile nach bhfuil sí ag iarraidh an obair dheonach a dhéanamh a thuilleadh.

Ceisteanna do na Grúpaí

1. Céard é do fhreagra ar an gcás seo?
2. Céard é an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar:
    - Na daoine óga atá páirteach (más ábhartha)
    - Na ceannairí atá páirteach go díreach
    - Aon cheannaire eile atá ann
    - An club/grúpa ar an iomlán
3. Sainaithin an chaoi gur féidir an cás seo a láimhseáil ar bhealach níos fearr?
4. Céard is féidir a chur i bhfeidhm chun cás dá leithéid a sheachaint?

Éascaíonn an cóitseálaí aiseolas agus plé, tugtar na príomhphointí foghlama faoi deara agus tagraítear d'aon threoir eagraíochtúil ina leith.

Ba cheart go leagann an cóitseálaí béim ar an tábhacht a bhaineann leis na cóid iompair do dhaoine óga agus do cheannairí, mar aon le réimse freagraí úsáideacha do na cásanna seo.

D'fhéadfadh an cóitseálaí leas a bhaint as na bileoga eolais seo a leanas:

- 5.11 Conradh grúpa a fhorbairt
- 5.12 Iompraíocht dhúshlánach a thuiscint agus aghaidh a thabhairt uirthi
- 5.13 Bulaíocht
- 5.14 Cleachtas athchóiritheach

Aguisín 1

Clár Oiliúna Oibrithe Deonacha Samplach mar Ag Tosú Amach 2.0

Neamh-fhorordaitheach

Is iad eagraíochtaí oibre óige agus a n-oiliúnóirí is fearr a bhfuil aithne acu ar a n-oibrithe deonacha agus a thuigeann iad. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeidh solúbthacht ag eagraíochtaí maidir le rogha a dhéanamh faoin méid a sholáthróidh siad a gcuirfidh siad béim air, agus go gcuirfidh siad an clár oiliúna sin i gcomhthéacs lena n-aitheantas eagraíochtúil féin a léiriú. Mar sin, tá an t-ábhar molta sa chreat oiliúna seo beartaithe le bheith ina acmhainn thacúil d'oiliúnóirí, agus **ní** clár oiliúna forordaitheach é.

5 Croíghnéithe

Tá an Acmhainn seo roinnte ina cúig chroíghné. Féadfaidh oiliúnóirí a gclár oiliúna a dhearadh timpeall na gcúig ghné sin nó ar an mbealach is fearr a oireann do riachtanais a n-oibrithe deonacha.

Pleanáil Chláir Shamplach

Seo pleanáil chláir shamplach a d'fhéadfadh a bheith ina treoir úsáideach nuair atá an chaoi chun plean a chruthú do do rannpháirtithe á meas.

Torthaí Foghlama na Rannpháirtithe:	**Am Measta**	**Ábhar Lárnach nó Roghnach**	**Na hÁbhair atá de Dhíth**
Ar an eolas faoi fhís/misean/luachanna na heagraíochta agus faoin dóigh a dtacaíonn siad sin leis an obair le daoine óga.	20-30 nóiméad	Lárnach: • D'eagraíocht a chur in iúl do na hoibrithe deonacha • Ionchur maidir leis an bhfís, leis an misean, agus leis na luachanna.	• Fís, misean agus luachanna na heagraíochta • Suíomh gréasáin, tuarascáil bhliantúil, bróisiúir, srl na heagraíochta.
Tá siad ar an eolas faoi na rudaí a bhfuiltear ag súil leo uathu go ginearálta ina ról. Tuigeann siad a gcearta agus a bhfreagrachtaí.	30-40 nóiméad	Lárnach: • Ról, cearta agus freagrachtaí na n-oibrithe deonacha a phlé.	• Cur Síos ar Ról na nOibrithe Deonacha • Beartais agus nósanna imeachta srl. na heagraíochta.
Buntuiscint a fháil ar phrionsabail agus ar chleachtas na hoibre óige Na torthaí ionchasacha ón bpróiseas oibre óige a phlé do dhaoine óga, d'oibrithe deonacha, don eagraíocht agus don phobal níos leithne.	30-45 nóiméad 45-60 nóiméad	Lárnach: • Sainmhíniú agus prionsabail na hoibre óige a thuiscint. Roghnach: Samplaí/cineálacha oibre don aos óg agus na buntáistí do dhaoine óga, do phobail agus don tsochaí.	• Sleamhnáin ar a bhfuil faisnéis maidir le hObair Óige. • Féach ar an bhfíseán seo ó Ollscoil Mhá Nuad YouthWorkAndYou: https://youtu.be/RzLe nfzmIJY

Torthaí Foghlama na Rannpháirtithe:	Am Measta	Ábhar Lárnach nó Roghnach	Na hÁbhair atá de Dhíth
Tá siad ar an eolas faoi na príomhathruithe ar fhorbairt san ógántacht agus sa luath-aosacht. Tá siad ar an eolas faoin tábhacht ríthábhachtach a bhaineann le caidreamh a chothú le daoine óga trí phróiseas na hoibre óige.	60-80 nóiméad	Lárnach: • Ógántacht agus luath-aosacht mar chéimeanna tábhachtacha saoil. Lárnach: • Ról an Oibrí Dheonaigh i gcaidreamh a chothú le daoine óga a phlé. Lárnach: • Teorainneacha a bhunú le daoine óga. Roghnach: Caidrimh a chruthú le tuismitheoirí agus leis an bpobal.	Ionchur ar chéimeanna forbartha Caidreamh a chothú http://rialtoyouthproject.net/building-relationships-2/ Teorainneacha a Bhunú Ag Obair go Sábháilte i gClub Óige - Comhairle Náisiúnta na nÓg
Gheobhaidh siad tuiscint ar choincheap rannpháirtíocht na hóg. Déanfaidh siad iniúchadh ar stíleanna agus scileanna ceannaireachta cuí agus iad ag obair go díreach le daoine óga.	20-30 nóiméad 15-25 nóiméad	Lárnach: • An méid atá i gceist le rannpháirtíocht na n-óg a thuiscint. Lárnach: • Ceannaireacht i gclub óige a phlé.	Samhail Rannpháirtíochta Lundy. Modúl 2 Rannpháirtíocht na nÓg agus Foghlaim Neamhfhoirmiúil - YouthWorkAndYou.org Samplaí de stíleanna ceannaireachta.

Torthaí Foghlama na Rannpháirtithe:	Am Measta	Ábhar Lárnach nó Roghnach	Na hÁbhair atá de Dhíth
Scrúdóidh siad cuir chuige maidir le pleanáil bhunúsach clár, obair ghrúpa agus measúnú riosca.	30-45 nóiméad	Lárnach: • Na céimeanna sa phleanáil chlár agus measúnú riosca a dhéanamh.	Céimeanna pleanála cláir Measúnú riosca samplach
Beidh siad ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le scileanna cumarsáide éifeachtacha agus obair foirne.	15-20 nóiméad	Roghnach: Scileann éisteachta - Saintréithe foirne éifeachtaí.	Saintréithe foirne éifeachtaí
Beidh siad ar an eolas faoi conas conradh grúpa a fhorbairt le daoine óga.	15-20 nóiméad	Lárnach: • Céimeanna chun conradh grúpa a fhorbairt.	Conradh grúpa samplach
Aithneoidh siad conas freagairt d'iompraíocht dhúshlánach.	30-40 nóiméad	Lárnach: • Iompraíocht dhúshlánach a thuiscint agus aghaidh a thabhairt uirthi.	Beartas Frithbhulaíochta Samplach

Aguisín 2

Seicliosta d'Oiliúnóirí (NQSVYG a Chur san Áireamh)

Ainm an Chlub/Ghrúpa:
Líon na rannpháirtithe ag freastal ar an oiliúint:
Dáta/dátaí na hoiliúna:

Bunphrionsabal & Caighdeán	Táscairí éachta	An tÁbhar a seachadadh	Curtha i gcrích
Ráiteas Sonrach Cuspóra	Tá an Ráiteas Sonrach Cuspóra curtha i gcrích agus ar taispeáint.		
Dírithe ar an Duine Óg Caighdeán 1 Cláir (gníomhaíochtaí), cleachtaí (an chaoi a n-oibríonn tú agus an chaoi a n-oibríonn an grúpa) agus daoine (daoine óga, ceannairí deonacha, srl.) lena gcinntítear agus lena gcuirtear chun cinn rannpháirtíocht dheonach, ionchuimsiú agus guth na ndaoine óga.	1. Tá daoine óga páirteach go gníomhach i reáchtáil an ghrúpa. 2.Tá daoine óga páirteach go gníomhach i ndearadh agus i seachadadh na ngníomhaíochtaí. 3.Tá daoine óga páirteach go gníomhach i bpleanáil agus i measúnú na ngníomhaíochtaí. 4.Tá na gníomhaíochtaí inrochtana agus ionchuimsitheach.		

Bunphrionsabal & Caighdeán	Táscairí éachta	An tÁbhar a seachadadh	Curtha i gcrích
Sábháilteacht agus Folláine Caighdeán 2 Cláir (gníomhaíochtaí), cleachtaí (an chaoi a n-oibríonn tú agus an chaoi a n-oibríonn an grúpa) agus daoine (daoine óga, ceannairí deonacha, srl.) lena gcinntítear agus lena gcuirtear chun cinn sábháilteacht agus folláine na ndaoine óga.	1. Tá cumhdach árachais cuí i bhfeidhm. 2.Tá nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm. 3.Tá Beartas agus nósanna imeachta um Chosaint Leanaí i bhfeidhm.	Tá nósanna imeachta Earcaíochta arna gcur i bhfeidhm faoin CPAP (Clár Feasachta i leith Cosaint Leanaí) lena n-áirítear grinnfhiosrú curtha i gcrích. Tá an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí (lena n-áirítear measúnú riosca) curtha i gcrích agus ar taispeáint.	
Forbartha/ Oideachasúil Caighdeán 3 Cláir (gníomhaíochtaí), cleachtaí (an chaoi a n-oibríonn tú agus an chaoi a n-oibríonn an grúpa) agus daoine (daoine óga, ceannairí deonacha, srl.) lena gcinntítear agus lena gcuirtear chun cinn forbairt, baint amach agus dul chun cinn na ndaoine óga.	1. Aithnítear agus freagraítear do riachtanais agus leas na ndaoine óga. 2.Forbraítear inniúlachtaí agus cumas na ndaoine óga. 3.Aithnítear rannpháirtíocht agus éachtaí na ndaoine óga. 4.Cuirtear tacaíocht agus oiliúint ar fáil do cheannairí deonacha.		